# An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

# Tuarascáil Bhliantúil 2015

# Clár an Ábhair


| | Leath |
|---|---|
| Focal ón gCathaoirleach | 1 |
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| Buneolas faoin Údarás | 7 |
| Comhaltaí an Údaráis | 8 |
| Ról an Údaráis | 9 |
| Misean agus Luachanna an Údaráis | 11 |
| Plean Straitéise | 12 |
| Cuspóir 1 Ceadúnais | 14 |
| Cuspóir 2 Imscrúdúcháin | 25 |
| Cuspóir 3 An Ciste Cúitimh | 40 |
| Cuspóir 4 Cláir Phoiblí | 42 |
| Cuspóir 5 Acmhainní Foirne | 45 |
| Cuspóir 6 Cúrsaí Cumarsáide | 50 |
| Aguisín - Tuarascáil Airgeadais | 54 |



## Focal ó Chathaoirleach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, Geraldine Clarke.

Is cúis áthais dom tuarascáil bhliantúil an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine i ndáil leis an mbliain 2015 a chur i láthair.

I rith na bliana seo a chuaigh an chéad phríomhfheidhmeannach a bhí ar an Údarás, Tom Lynch, ar scor. Ina phríomhfheidhmeannach dó, bhí Tom ina spreagadh mór maidir leis an Údarás a chur ar bun, leag sé síos caighdeáin arda agus chuir sé bonn daingean faoin obair ionas gur éirigh leis an Údarás comhlíontas maith a thabhairt i gcrích ar fud earnáil na seirbhísí maoine. Is mian liom, thar ceann an Bhoird agus ar mo shon féin go pearsanta, sonas agus dea-shláinte a ghuí ar Tom agus é éirithe as an obair.

I mí Lúnasa 2015 cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Frances Fitzgerald Uasal T.D. Maeve Hogan ina Príomhfheidhmeannach nua ar an Údarás. Tháinig Maeve ag obair san Údarás ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar a raibh fónamh déanta aici i réimsí beartais agus réimsí riaracháin araon chomh maith le tréimhse a chaitheamh ar iasacht le Cigireacht an Gharda agus leis an Údarás Slándála Príobháidí. Tá léargas breá agus díograis léirithe aici cheana féin tar éis di dul i mbun an phoist chúraim.

I rith an dara leath den bhliain 2015, chuir an tÚdarás tús leis an obair ar thionscadal maidir le hathnuachan ceadúnais agus íocaíochtaí a dhéanamh ar líne. Faoi dheireadh na bliana, bhí dul chun cinn mór déanta leis an obair sin agus é d'aidhm go bhféadfaí tús a chur le hathnuachan ceadúnais ar líne i mí Iúil 2016. Beidh breis éifeachtachta maidir leis an mbainistíocht ar

athnuachan ceadúnais ar fáil leis an gcóras seo chomh maith le próiseas is cóiriúla don chustaiméir a bheith ar fáil don cheadúnaí a dhéanann athnuachan ar an gceadúnas. Tá súil go mbeidh próiseas den chineál céanna á thabhairt chun cinn san am atá romhainn d'iarratais as an nua ar cheadúnas.

Mar gheall ar an éifeachtacht bhreise maidir leis an mbainistíocht ar an gcóras i ndáil le ceadúnais a athnuachan, bhí acmhainní breise ar fáil taobh istigh den Údarás agus cuireadh iad sin i leith mhaolú na riaráistí maidir le próiseáil ar chásanna gearáin. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an obair ar chásanna gearáin a thabhairt chun críche i rith na bliana 2015 agus tá an obair i leith an réimse sin a thabhairt cothrom leis an aimsir ar cheann de bhearta tús áite an Údaráis i gcónaí.

Bhíothas ag tnúth le hacmhainní breise, ar bhonn seachtrach, a fhostú chun tabhairt faoi fheidhm imscrúdúcháin an Údaráis. Níorbh fhéidir, mar gheall ar chúrsaí nach dtagann faoi smacht an Údaráis, sin a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2015. Táthar ag súil anois go gcuirfear an fheidhm sin á comhlíonadh ar bhonn seachtrach i rith na bliana 2016.

D'aontaigh Bord an Údaráis le scéim a thabhairt chun cinn maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) do na ceadúnaithe go léir. Beidh an scéim dírithe ar dhea-chaighdeáin agus ar ghairmiúlacht sholáthraithe seirbhísí maoine a chur chun cinn. Cuirfear an scéim le chéile i rith na bliana 2016 agus tá súil í a chur i bhfeidhm i rith thús na bliana 2017.

Ní fhéadfaí an dea-thoradh ar obair na bliana a thabhairt i gcrích murach an díograis, an dúthracht agus an díocas a léiríonn foireann an Údaráis. Is mar gheall ar an dícheall a dhéanann an fhoireann a tugadh oiread i gcrích agus gur féidir tabhairt go misniúil faoi obair na mblianta seo romhainn.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le foireann na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais as an gcúnamh agus as an gcabhair a thugann siad go leanúnach dúinn.

Ba mhaith liom chomh maith buíochas ó chroí a chur in iúl do mo chuid comhghleacaithe ar an Údarás as an dúthracht agus an díograis a chaitheann siad leis an gcúram, rud a bhfuil tábhacht faoi leith leis maidir leis an rath atá ar obair an Údaráis a choinneáil ar bun.

Is cúis áthais dom an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 a chur faoi bhráid.



## Réamhrá Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, Maeve Hogan

Is breá liom, i mo Phríomhfheidhmeannach dom ar an PRSA, an chéad tuarascáil bhliantúil ó tháinig mé in oifig ar bheartaíocht an Údaráis le bliain anuas a chur faoi bhráid. Bliain shuntasach a bhí inti don Údarás agus tharla an chéad Phríomhfheidhmeannach Tom Lynch a dhul amach ar pinsean i mí Iúil. Mar gheall ar an díograis a chaith Tom leis an Údarás a chur ar bun, tugadh isteach réimeas nua rialúcháin, trínar leagadh síos caighdeáin, trína gcuirtear an ghairmiúlacht chun cinn agus trína gcosnaítear leas an tomhaltóra. Táimse ag tnúth le cur leis an mbunchloch dhaingean atá leagtha síos agus an tÚdarás a bheith ina eagraíocht éifeachtúil rialála ag lucht na gceadúnas agus ag an tomhaltóir araon. Ba mhaith liom, thar ceann fhoireann an Údaráis, gach rath agus an dea-shláinte a ghui ar Tom agus é ar scor.

Le linn mo théarmasa i mo Phríomhfheidhmeannach, cuirfear leis an struchtúr atá curtha faoin Údarás. Ar cheann de na tionscadail a raibh príomhthábhacht agam leis ó thosaigh mé i mbun an dualgais i mí Lúnasa, bhí tús a chur leis an bpróiseas chun athrú ó chóras iarratais ar cheadúnas a dhéantar de láimh go dtí córas maidir le hathnuachan ceadúnais agus le híocaíochtaí a dhéanamh ar líne. Faoi dheireadh na bliana, bhí aontaithe ag Bord an Údaráis leanúint leis an tionscadal i gcomhar le Licences.ie a oibríonn An Post. Ó mhí Iúil 2016 ar aghaidh, beidh iarratais agus íocaíochtaí maidir le ceadúnais a athnuachan á ndéanamh ar líne go hiomlán agus á gcur faoi bhráid an Údaráis ar an gcaoi sin. Ó bhíonn an tionscadal sin tugtha chun críche, tá i gceist agam díriú ar na hiarratais ar an gcéad cheadúnas a athrú go dtí córas ar líne chomh maith.

Tá bunriachtanas leis an scéim maidir le Forbairt Leanúnach Ghairmiúil (CPD) d'fhonn freastal d'fhoghlaim leanúnach a thabhairt i gcrích agus cur leis an ngairmiúlacht san earnáil. D'aontaigh Bord an Údaráis le forbairt na scéime agus faoi dheireadh na bliana bhíothas i mbun réamhoibre ina leith. Tá i gceist go mbeidh an scéim á forbairt i rith na bliana 2016 agus go gcuirfear tús léi sa bhliain 2017.

Tá borradh seasta faoi phróiseas na gceadúnas ó cuireadh an tÚdarás ar bun agus faoi dheireadh na bliana 2015 bhí córas cuimsitheach nua-aimseartha ar siúl maidir leis na ceadúnais tar éis caomhchóiriú a oibriú agus cuid mhór de na deacrachtaí a thagadh i gceist roimhe sin a chur ar neamhní. Ar an 31 Nollaig 2015, bhí ceadúnas Seirbhísí Maoine ón Údarás ag 1,866 Fostóir/Conraitheoir Neamhspleách agus ag 3,802 Fostaí.

Leanann an tÚdarás de na hacmhainní a dhíriú ar na príomhfheidhmeanna, ina measc córas imscrúdúcháin agus breithiúnais a chur ar bun maidir le gearáin faoi sholáthraithe seirbhísí maoine. I rith dheireadh na bliana 2015, bhí an tÚdarás i riocht acmhainní breise ó bhrainse na gceadúnas a chur i mbun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin mar gheall ar bhainistíocht éifeachtach ar na hacmhainní. Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí 981 gearán tagtha ó cuireadh an tÚdarás ar bun, 283 gearán acu sin i rith na bliana 2015 féin, agus bhí an obair maidir le 441 gearán tugtha chun críche. Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag tabhairt faoin bpríomhfheidhm lárnach seo, tá cuid mhór le déanamh go fóill. Ionas gur féidir leis an Údarás na dualgais a leagtar air maidir leis an réimse seo a chomhlíonadh beidh acmhainní breise foirne de dhíth. Bhí an cheist maidir le hacmhainní foirne leordhóthanacha ina deacracht ag an Údarás i rith na bliana 2015 ar fad ach bhí toradh maith ar chuireadh a tugadh do bhaill foirne na Roinne i mí na Nollag spéis a léiriú in obair leis an Údarás. Bhíothas ag lorg 1 AOF agus 3 OF agus meastar go rachaidh siad sin i mbun dualgais leis an Údarás i dtús na bliana 2016.

Aontaíodh cead roinnt d'obair imscrúdúcháin an Údaráis a chur á déanamh go seachtrach mar chuid de na bearta le cur le hacmhainní foirne an Údaráis. Tar éis comórtas tairisceana a rith, socraíodh gur éirigh le haon chuideachta amháin sa phróiseas tairisceana. Meastar go ndéanfar dul chun cinn maidir le hobair imscrúdúcháin a chur á déanamh go seachtrach i rith na bliana 2016.

Tá Cláir Phoiblí an Údaráis ag tarraingt go leor daoine go dtí an Láithreán Gréasáin i gcónaí agus ceadaíodh Clár na bPraghsanna Maoine Cónaithe 5.6 milliún uair ó cuireadh ar bun é sa bhliain 2012 agus 1.6 milliún uair i rith na bliana 2015.

Tá forás i gcónaí faoi Chiste Cúitimh an Údaráis agus sáraíodh an tsuim €2 mhilliún i rith na bliana 2015 chun tosaigh ar an sprioc a leagtar síos sa reachtaíocht maidir le €2 mhilliún a bheith ann faoin am a mbeadh an tÚdarás ceithre bliana ar bun. Leanadh i rith na bliana 2015 leis an bpróiseas maidir le roghanna a scrúdú i ndáil leis an gciste cúitimh a chur faoi árachas.

Níorbh fhéidir an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a thabhairt i gcrích murach dúthracht agus díograis fhoireann an Údaráis a chuidigh liom sa ról nua seo agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a chur in iúl dóibh. Ba mhaith liom chomh maith buíochas a ghlacadh le Bord an Údaráis as an gcúnamh agus as an gcomhairle ó chuaigh mé i mbun an phoist nua seo.

Tiocfaidh deiseanna agus dúshláin mhóra roimh an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine an bhliain seo chugainn a bhfuil mise agus foireann an Údaráis ag tnúth lena dtapú agus lena sárú.

## Buneolas faoin Údarás

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (an tAcht) agus is é an comhlacht reachtúil é ar a leagtar an fhreagracht as ceadúnú agus rialáil a dhéanamh maidir le tionscal na seirbhísí maoine in Éirinn.

San Uaimh, Co. na Mí, atá ceannoifig an Údaráis lonnaithe ó thráth a bhunaithe agus osclaíodh an dara hoifig i gCearnóg an Easpaig, Sráid Chaoimhín, Baile Átha Cliath 2 i mí na Nollag 2013. Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí 17 ball foirne lánaimseartha ag an PSRA chomh maith le Príomh-Fheidhmeannach an Údaráis.

Tá an tÚdarás neamhspleách i gcleachtadh na bhfeidhmeanna. Is í Geraldine Clarke Uasal, Aturnae, cathaoirleach an Údaráis agus tá ionadaithe thar ceann thionscal na seirbhísí maoine agus thar ceann na dtomhaltóirí i measc na gcomhaltaí.

Déantar foráil sa reachtaíocht lena mbunaítear an tÚdarás do cheadúnú roinnt catagóirí soláthraithe seirbhísí maoine mar seo a leanas:

Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit
Daoine a bhíonn i mbun Ceantála ar mhaoine seachas talamh (Ceadúnas de Chineál A) agus daoine a bhíonn i mbun talamh ar dhíol, cibé bealach ina ndéantar sin (Ceadúnas de Chineál B)

Gníomhairí Ligin
Daoine a bhíonn i mbun talamh a ligean (Ceadúnas de Chineál C)

Gníomhairí Bainistíochta
Daoine a bhíonn i mbun Seirbhísí Bainistíochta a chur ar bun thar ceann Chomhlachtaí Bainistíochta (Ceadúnas de Chineál D).

## Comhaltaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Ní mór, faoin Acht, don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais aird a thabhairt, le linn comhaltaí a cheapadh chun an Údaráis, a thabhairt san áireamh a inmhianta a bheadh eolas nó cleachtadh a bheith acu ar ghnóthaí tomhaltóirí, ar chúrsaí gnó, airgeadais, bainistíochta nó riaracháin nó ar ábhar ar bith eile a chuideodh, dar leis an Aire, leis an Údarás agus i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna faoin Acht.

Ordaítear faoin Acht chomh maith, áfach, nach mór an méid seo a leanas a thabhairt san áireamh maidir leis na comhaltaí:

(a) nach mó ná triúr acu atá ina n-ionadaithe thar ceann dhaoine a chuireann seirbhísí maoine ar fáil, agus

(b) nach lú ná triúr acu a bhfuil eolas nó cleachtadh acu ar ghnóthaí tomhaltóirí.

Seo a leanas Comhaltaí an Údaráis:

| | |
|---|---|
| Geraldine Clarke Uasal | Cathaoirleach |
| Carol Boate Uasal | Ionadaí Tomhaltóirí |
| Edward Carey Uasal | Ionadaí Tionscail |
| Patrick Davitt Uasal | Ionadaí Tionscail * |
| James Doorley Uasal | Ionadaí Tomhaltóirí |
| Deirdre Fox Uasal | Ionadaí Tomhaltóirí * |
| Martin Hanratty Uasal | Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath* |
| Josephine Henry Uasal | Ionadaí Tomhaltóirí * |
| Paul Mooney Uasal | Ionadaí Tionscail |
| Myles O' Reilly Uasal | Ionadaí Tomhaltóirí |
| Regina Terry Uasal | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais* |

Bíonn comhaltaí an Údaráis in oifig ar feadh téarma ceithre bliana. Ina ainneoin sin, is ar feadh tréimhse trí bliana ó dháta an cheapacháin a ceapadh cúigear de na comhaltaí a ceapadh chun an Údaráis ar lá a bhunaithe. Cuirtear réiltín le hainm na ndaoine a ceapadh ar feadh tréimhse trí bliana agus rinneadh iad ar fad a cheapadh go ceann téarma breise ceithre bliana i mí Aibreán 2015.

## Ról an Údaráis

Is é príomhról an Údaráis a chinntiú go mbaintear amach go hiomlán na cuspóirí atá leis an reachtaíocht trínar bunaíodh é d'fhonn a chinntiú go sásaíonn na daoine ag a bhfuil ceadúnas Seirbhísí Maoine a chur ar fáil na caighdeáin is airde maidir le soláthar seirbhíse agus go mbíonn cosaint iomlán ag an tomhaltóir trí fhorálacha an Achta a chur i bhfeidhm go dian.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

• Rialú, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);

• Córas cuimsitheach ceadúnúcháin a oibriú a dtagann gach Soláthraí Seirbhísí Maoine faoina scáth;

• Na caighdeáin seo a leanas a leagan síos agus a chur i bhfeidhm:- caighdeáin maidir le ceadúnais a thabhairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil árachais maidir le hurrús gairmiúil); agus, caighdeáin atá le sásamh ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine le linn seirbhísí maoine a chur ar fáil (e.g. caighdeáin theicniúla; caighdeáin chuí eitice);

• Córas a chur ar bun agus a riar maidir le himscrúdú a dhéanamh agus breith a thabhairt faoi ghearáin in aghaidh Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;

• Córas a chur ar bun agus a riar maidir le himscrúdú a dhéanamh faoi chúrsaí caighdeáin maidir le Seirbhísí Maoine a chur ar fáil;

• Smachtbhannaí a ghearradh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine mar gheall ar iompar míchuí (lena n-áirítear fíneálacha suas le €250,000 agus cúlghairm ceadúnais);

• Cosaint bhreise don tomhaltóir a chur chun cinn agus tuiscint an phobail ar sheirbhísí maoine go ginearálta a chothú;

• Ciste Cúitimh a bhunú, a choimeád agus a riar chun cúiteamh a thabhairt do pháirtithe a chailleann airgead mar thoradh díreach ar mhí-ionracas Sholáthraí Seirbhísí Maoine;

• Cóid Chleachtais a fhorbairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;

• Clár Poiblí na bPraghsanna Díolacháin Mhaoine a chur ar bun agus a choimeád;

• Bunachar Sonraí maidir le Léasanna Tráchtála a chur ar bun agus a choimeád;

• Clár Poiblí na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe a chur ar bun agus a choimeád;

• Feidhmiú mar Údarás Inniúil Stáit maidir le Sciúradh Airgid;

• Cuidiú leis an Aire maidir le polasaí a leagan amach i ndáil leis an rialáil ar Thionscal na Seirbhísí Maoine;

• Tabhairt faoi thionscadail taighde nó iad a chur ar coimisiún.

# MISEAN AGUS LUACHANNA

***MISEAN***

Is é misean an Údaráis rialú agus maoirsiú a dhéanamh ar Cheantálaithe, ar Ghníomhairí Eastáit, ar Ghníomhairí Ligin agus ar Ghníomhairí Bainistíochta agus leas an phobail a chosaint ina chaidreamh a bhíonn acu leo trína chinntiú go gcoinnítear caighdeáin arda ar bun maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil.

***LUACHANNA***

**Leas an Phobail**

Tá an tÚdarás tugtha dá chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail.

**Dea-Rialachas agus Luach an Airgid**

Tá an tÚdarás dúthrachtach maidir le hardchaighdeáin rialachais agus ionracais a shásamh agus leis an ngnó a dhéanamh ar bhealach atá éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais.

**Comhairliúchán**

Tá an tÚdarás tugtha do chaidreamh a chothú leis na geallsealbhóirí maidir leis an bhforbairt leanúnach ar sheirbhísí an Údaráis agus a gcur ar fáil.

**Dúthracht maidir leis an Lucht Foirne**

Tá an tÚdarás tugtha do chuidiú leis an bhfoireann na cuspóirí straitéiseacha a thabhairt i gcrích agus gairm bheatha sásúil a fhorbairt san eagraíocht.

## An Plean Straitéise 2014 - 2017

Baineann an chéad Phlean Straitéise de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine (PSRA) leis na blianta 2014 go dtí 2017 agus leagtar amach ann na príomhcheisteanna nach mór don Údarás díriú orthu i rith an ama sin. Cuirfidh obair an phlean leis an obair agus an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus tá eolas an bhealaigh ann maidir le stiúir straitéiseach an Údaráis. Dírítear sa phlean straitéise ar:

- feabhas a chur ar na struchtúir eagrúcháin, ar na córais, na gnáis oibre, na prótacail, na rialacha agus na rialacháin a cuireadh ar bun ó chuaigh an tÚdarás i mbun oibre agus atá bunriachtanach maidir le feidhmiú an Údaráis go fadtéarmach, agus
- a chinntiú go leanann creat docht rialála i bhfeidhm maidir leis an tionscail.

Leagtar amach sa Phlean Straitéise ról, aidhmeanna agus stiúir an PSRA chomh maith le tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn go dtí seo a fhágfaidh níos mó rialtachta agus follasachta maidir le ceadúnú, rialáil agus rialú Soláthraithe Seirbhísí Maoine agus maidir le heolas a chur ar fáil don tomhaltóir. Leagtar amach sa Ráiteas seo a bhfuil i gceist thabhairt i gcrích agus an modh ina gcomhlíonfaidh an eagraíocht na cuspóirí a chuirtear roimpi. Is í an cháipéis lárnach í dá bhrí sin maidir le pleanáil ghnó na heagraíochta, leis an mbainistíocht ar chúrsaí feidhmiúcháin agus leis an bhforbairt a dhéanfar. Tá na cuspóirí príomhthábhachta seo a leanas curtha roimhe ag an Údarás:

| | |
|---|---|
| CUSPÓIR 1: | Córas cuimsitheach ceadúnaithe a choinneáil ar bun maidir le Soláthraithe Seirbhísí Maoine; |
| CUSPÓIR 2: | Córas imscrúdúchain agus breithiúnais a choimeád ar bun i dtaca leis na caighdeáin maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil; |
| CUSPÓIR 3: | Tuiscint an Phobail ar an Údarás a Chothú; |
| CUSPÓIR 4: | Cláir Phoiblí a Choimeád; |
| CUSPÓIR 5: | A bheith éifeachtach maidir le leas a bhaint as acmhainní daonna, airgeadais, bainistíochta agus teicneolaíochta; agus |
| CUSPÓIR 6: | A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na polasaithe, na córais agus na gnáis oibre cuí maidir leis an rialachas corporáide. |

## Cuspóir Straitéiseach 1 a chur chun cinn

*Córas cuimsitheach ceadúnaithe a choinneáil ar bun maidir le Soláthraithe Seirbhísí Maoine*

**Ceadúnais**

Foráiltear leis an Acht nach mór d'aon duine atá ag soláthar seirbhísí maoine in Éirinn ceadúnas a bheith acu chuige sin ón Údarás agus luaitear sa sainmhíniú ar na seirbhísí sin go n-áirítear na nithe seo a leanas leo:

- ***Maoin seachas Talamh a chur ar Ceant (Ceadúnas de Chineál A).***
- ***Ceannach/Díol Talún - cibé bealach (Ceadúnas de Chineál B)***
- ***Ligean Talún (Ceadúnas de Chineál C), agus***
- ***Seirbhísí Bainistíochta Maoine a Sholáthar (Ceadúnas de Chineál D)***

Eisíonn an tÚdarás ceadúnais de cheithre chineál éagsúil a thagann leis an gceithre chineál seirbhísí maoine a shonraítear san Acht agus is féidir le duine iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas amháin nó, gan aon chostas breise, ar líon is mó ná ceadúnas amháin. Is gá na ceadúnais a athnuachan gach bliain.

Chuir an tÚdarás tús le ceadúnú na seirbhísí maoine sa bhliain 2012 agus, ceithre bliana dár gcionn, tá caomhchóiriú déanta ar an bpróiseas agus é ag oibriú ar bhealach i bhfad níos éifeachtaí críochnúla. Ó tharla go n-oibríonn córas na gceadúnas go ginearálta i rith dhá bhliain tuairiscithe faoi leith, ní foláir, ar mhaithe leis an gcomparáid idir blianta ceadúnais, na staitisticí maidir le cúrsaí ceadúnaithe a chur i láthair maidir le tréimhse is faide ná an tréimhse ionas gur féidir míniú mar is ceart a bhaint astu. I rith na tréimhse ón 6 Iúil 2012 go dtí deireadh na bliana 2015, fuarthas 7,723 iarratas ar cheadúnas. Tugadh ceadúnas i 6,795 cás acu sin, diúltaíodh 832 iarratas agus bhí 96 iarratas nua á mbreithniú. As an 6,795 ceadúnas a eisíodh ó mhí Iúil 2012 i leith, bhí 975 ceadúnas faoi dheireadh na bliana 2015 nach ndearnadh a n-athnuachan nó scoireadh den trádáil.

**Ceadúnais Nua**

Bhí earnáil na seirbhísí maoine ar cheann de na hearnálacha ar chuir an cúlú eacnamaíochta le gairid isteach go mór orthu. Ina ainneoin sin, tá le tabhairt chun suntais leis an athrú ar chúrsaí eacnamaíochta go bhfuil an tÚdarás ag eisiúint ceadúnais nua leo sin ar mian leo oibriú an tráth seo in earnáil na seirbhísí maoine. D'eisigh an tÚdarás 517 ceadúnas nua i rith na bliana 2014 agus 485 ceadúnas sa bhreis air sin i rith na bliana 2015. Is ábhar dóchais sin don Údarás ós cosúil go bhfuil tuiscint i measc lucht na hearnála gur gá ceadúnas a bheith ag duine anois atá i mbun seirbhís maoine a chur ar fáil.


**Athnuachan Ceadúnais**

Rinneadh na deacrachtaí a bhain leis an riarachán ar phróiseas na gceadúnas a leigheas go mór maidir le tréimhse ceadúnúcháin 2015. Is é is mó ba chúis leis sin eolas agus cleachtadh a bheith faighte ag na ceadúnaithe maidir leis na foirmeacha iarratais ar cheadúnas a athnuachan a líonadh agus tuiscint níos fearr ar na cáipéisí breise is gá ionas gur féidir iarratas iomlán ar cheadúnas a dhéanamh. Cé gur tháinig ceisteanna chun cinn maidir le tuairiscí cuntasóra agus árachas maidir le hurrús gairmiúil, bhí bonn ceart daingean den chuid is mó faoin bpróiseas i rith na bliana 2015. Go deimhin, chuidigh an tuiscint agus an taithí a bhí faighte ag an Údarás ar na ceisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn agus an chomhairle a cuireadh roimh ré dá bhrí sin ar na ceadúnaithe le caomhchóiriú a thabhairt ar an bpróiseas. Tugadh an próiseas maidir le hathnuachan ceadúnais chun críche in achar níos giorra i rith na bliana 2015 ná mar a rinneadh i rith na mblianta roimhe sin agus is féidir an leibhéal de na hiarratais maidir le hathnuachan ceadúnais a bhí iomlán ar a theacht isteach dóibh, laghdú ar líon na gceisteanna maidir le hiarratais agus éifeachtacht fhoireann an Údaráis i mbun iarratais a phróiseáil a lua mar chúiseanna leis sin.

Tharla an líon is mó ceadúnas a athnuachan i rith phróiseas na bliana 2015 ó chuir an tÚdarás tús leis an gceadúnú sa bhliain 2012. Rinneadh próiseáil ar 4,949 iarratas maidir le ceadúnas a athnuachan i rith na bliana 2015, ardú 6% i gcomparáid le líon na bliana 2014. Ar a n-áireamh in éineacht le líon iomlán

na gceadúnas nua a eisíodh, líon na bhfógraí athnuachana agus líon na gceadúnas le hathnuachan a bhfuiltear ag feitheamh ar bhreis eolais ina leith, leagtar amach i gCairt 1 go raibh 5,668 ceadúnas ar fad i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2015 i gcomórtas le 5,450 ceadúnas sa bhliain 2014, ardú 4% ar fad ar fud na gcineálacha éagsúla ceadúnais go léir.


**Cairt 1 Staid na gCeadúnas ar an 31 Nollaig 2015**



**Neamh-athnuachan**

Leagtar amach i gCairt 2 an leibhéal neamh-athnuachana sa bhliain 2014 agus sa bhliain 2015. Tharla sa bhliain 2015 líon iomlán 331 ceadúnaí (6.7%) nach ndearna athnuachan ar a gcuid ceadúnas i gcomórtas le 392 ceadúnaí (8.4%) sa bhliain 2014. Is féidir ceadúnaithe a dhul ar scor ón earnáil a lua mar chuid den chúis leis sin chomh maith le ceadúnaithe a chuir in iúl don Údarás gurb é cúis a bhí acu gan an ceadúnas a athnuachan nár tharla aon dul chun cinn san earnáil chomh fada agus a bhain leosan. Tharla líon níos lú iarratas ar athnuachan ceadúnais a dhiúltú i rith na bliana 2015 i gcomparáid leis an líon a diúltaíodh sa bhliain 2014 agus is féidir breis eolais agus tuisceana ar na coinníollacha ar fad a bhaineann le ceadúnas a athnuachan a lua mar chúis leis sin chomh maith leis na cáilíochtaí agus na cáipéisí cuí a bheith ar fáil an tráth a n-iarrtar ceadúnas.

**Cairt 2 Comparáid maidir le ceadúnais nár iarradh a athnuachan agus iarratais ar athnuachan a diúltaíodh**



**Diúltú Ceadúnas a Thabhairt**

Tá an tÚdarás ag diúltú iarratais ar cheadúnais nua i gcónaí. Is iomaí cúis a bhíonn le hiarratas ar an gcéad cheadúnas a dhiúltú, mar shampla gan an caighdeán cáilíochta a shásamh, tuairisc cuntasóra a bheith neamhiomlán, deimhniú imréitigh cánach a bheith ar lár, nó gan eolas breise a iarrann an tÚdarás a chur ar fáil. Bíonn cúnamh ar fáil ón Údarás don iarratasóir nua i ngach cás agus déantar an t-eolas ar fad agus an cháipéisíocht ar fad a chuirtear ar fáil i ndáil leis an iarratas ar cheadúnas a mheas sula ndéantar cinneadh críochnúil ina leith.

**Achomhairc maidir le hIarratais ar Cheadúnais Nua**

Rinneadh 110 iarratas ar cheadúnas nua a dhiúltú i rith na bliana 2015 i gcomparáid le 141 a diúltaíodh sa bhliain 2014 agus 527 iarratas sa bhliain 2013. Is díol suntais ina leith seo gur léir ar chaighdeán na n-iarratas nua atá ag teacht isteach go bhfuil tuiscint níos fearr ag iarratasóirí anois ar na coinníollacha agus ar na caighdeáin atá i bhfeidhm ag an Údarás maidir le ceadúnas a fháil.

Rinneadh 13 achomharc maidir le ceadúnais leis an mBord Achomhairc Seirbhísí Maoine (PSAB) i rith na bliana 2015 i ndáil le cinneadh de chuid an Údaráis iarratas ar cheadúnas a dhiúltú. Seo a leanas torthaí na gcásanna achomhairc sin leis an mBord Achomhairc:

- Athraíodh cinneadh an Údaráis i dtrí cinn de chásanna;
- Seasadh le cinneadh an Údaráis i dtrí cinn de chásanna;
- I gceithre cinn de chásanna, maidir le hathnuachan ceadúnais - níor tháinig an cás faoi scáth an PSAB; agus,
- I dhá chás, moladh don Údarás an t-iarratas ar cheadúnas a mheas in athuair:

I ndáil leis an dá chás achomhairc seo, ba é cinneadh leasaithe an Údaráis i gcás amháin ceadúnas de chatagóir 1 amháin a eisiúint agus diúltú don iarratas ar cheadúnas de na trí chineál catagóra eile a cuireadh isteach.


Sa dara cás, tá an tÚdarás ag fanacht le heolas ó achomharcóir tar éis iarratas a theacht ar bhreis ama lena aghaidh sin.

- Tá aon chás achomhairc amháin faoi choimirce an PSAB go fóill ag deireadh na bliana 2015.

**Ceadúnais Gnó de réir na gCatagóirí Éagsúla**

Is léir ón dáileadh maidir le ceadúnas d'fhostóir agus ceadúnas d'fhostaí ar an 5,668 ceadúnas a eisíodh i rith na bliana 2015 gur i ndáil le fostaithe 5,668 (67%) de na ceadúnais ar fad a eisíodh i rith na bliana 2015. Leagtar amach i gCairt 3 go raibh 1,866 ceadúnas ar fad a eisíodh i ndáil le fostóirí, ar a n-áirítear cuideachtaí, páirtnéireachtaí, trádálaithe aonair agus conraitheoirí neamhspleácha. Orthu sin, is ag cuideachtaí is mó atá ceadúnais, timpeall is 51.6% den iomlán, agus is ag conraitheoirí neamhspleácha is mó atá ceadúnais ina ndiaidh sin, 28.1% de na ceadúnais a eisíodh le fostóirí. Tá an briseadh síos ar an sciar de na ceadúnais a eisíodh le fostóirí agus le fostaithe i rith na bliana 2015 ar aon dul leis an mbriseadh síos maidir leis an dá dhream céanna sin sa bhliain 2014.


**Cairt 3 Ceadúnais Ghnó de réir na gcatagóirí**



**Cineálacha na gCeadúnas**

Thug an tÚdarás 5,668 ceadúnas ar fad i rith na bliana 2015. Léirítear i gCairt 4 líon na gceadúnas a d'eisigh an tÚdarás i rith na bliana 2015 de réir chineálacha na gceadúnas, ón gceadúnas aonchineálach go dtí cumasc de chineálacha uile na gceadúnas. Is léir go follasach ar an gCairt seo gur tháinig laghdú suntasach maidir le líon na gceadúnaithe a bhfuil ceadúnas acu i ndáil le cumasc de chineálacha ceadúnais (A,B,C) agus ceadúnas de chineál (D). Os a choinne sin, tháinig ardú ar líon na gceadúnaithe ag a bhfuil ceadúnas cumaisc de chineálacha (B, C).

**Cairt 4 Cineálacha na gceadúnas a eisíodh i rith na bliana 2015 arna miondealú**



Tríd is tríd, ba léir feabhas suntasach i rith na bliana 2015 ar bheartaíocht na gceadúnaithe i ndáil leis na coinníollacha is gá a shásamh chun ceadúnas a fháil. Cé go bhfuil feabhas mór tagtha, is ábhar buartha go fóill go bhfuil oiread de lucht an tionscail nach dtuigeann go hiomlán go fóill a bhfuil i gceist má chliseann orthu déanamh go hiomlán de réir na ndualgas a leagtar orthu faoin Acht.

Ó cuireadh an tÚdarás ar bun i leith, thapaigh an Príomhfheidhmeannach deiseanna aitheasc a thabhairt ag comhdhálacha éagsúla de chuid lucht an Tionscail d'fhonn an teachtaireacht maidir le comhlíonadh na ndualgas faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 a chur i láthair. Tugann ócáidí den sórt sin seans don Údarás treoir agus cúnamh a chur ar fáil faoi cheisteanna a tharraingíonn na ceadúnaithe anuas. Ina ainneoin sin, ó thuigtear nach bhfuil ionadaíocht thar ceann na gceadúnaithe ar fad i gceist le Cumann Suirbhéirí Cairte Éireann (SCSI) agus Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla (IPAV), bíonn litir istigh leis an gceadúnas a eisíonn an tÚdarás arna mheabhrú do na ceadúnaithe go leagtar dualgais orthu faoin reachtaíocht agus ag cur an toradh a bheadh ar mhainneachtain maidir leis na dualgais sin a chomhlíonadh in iúl dóibh.

**Córas Ar Line maidir le Ceadúnas a Athnuachan agus le hÍocaíochtaí**

Déantar na hiarratais ar fad ar cheadúnas, ar cheadúnas nua agus maidir le ceadúnas a athnuachan, de láimh. Déanann an tÚdarás próiseáil gach bliain ar isteach is amach le 6,000 iarratas lámhscríofa ar cheadúnas agus maidir le híocaíocht.

I rith na bliana 2015, scrúdaigh an tÚdarás roghanna maidir le córas leictreonaice do na hiarratais maidir le ceadúnas agus le híocaíocht agus aontaíodh go raibh na háiseanna a chuireann An Post ar fáil trí Licences.ie sásúil maidir leis na riachtanais a ghabhann le ceadúnais an Údaráis. D'aontaigh an tÚdarás go gcuirfí tús leis an tionscadal ar líne le hiarratais ar cheadúnas a athnuachan ar an gcéad chéim agus go dtabharfaí faoi na hiarratais ar cheadúnas nua faoi chéim 2 den togra.

Cuireadh tús i ndeireadh na bliana leis an obair i gcomhar le An Post agus an láithreán gréasáin ar líne atá acusan Licences.ie. De réir sceideal na hoibre, beidh an áis iarratas a dhéanamh ar líne maidir le ceadúnas a athnuachan ar fáil faoi mhí Iúil 2016.

Mar chuid den tionscadal céanna seo, tá áis íocaíocht a dhéanamh ar líne ar fáil freisin trínar féidir leis an gceadúnaí an táille ceadúnais agus an ranníocaíocht leis an gCiste Cúitimh a íoc le cárta asbhainte/creidmheasa nó le haistriú leictreonaice cistí (EFT). Le haird ar riachtanais na hearnála, ina bhfuil líon suntasach fostóirí a íocann an táille ceadúnais agus an ranníocaíocht leis an gciste cúitimh thar ceann a gcuid fostaithe, beidh deis chuige sin á chur ar fáil d'fhostóirí ar Licences.ie. Fágfaidh an córas ar líne maidir le ceadúnas a athnuachan agus íocaíocht a dhéanamh go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na próisis a dhéantar de láimh agus ar an bpáipéarachas a bhaineann leis an bpróiseáil ar iarratais faoi láthair. Beidh an fhianaise cháipéisíochta ar fad (Tuairisc Cuntasóra, Árachas maidir le hUrrús Gairmiúil) a ghabhann le hiarratas ar cheadúnas á chur faoi bhráid go leictreonach mar chuid den phróiseas iarratais maidir le ceadúnas a athnuachan. Déanfar na próisis ar fad a bhaineann le ceadúnas a athnuachan, i gcás cheadúnas an fhostóra agus cheadúnas an fhostaí araon, ar líne.

Ag deireadh na bliana, chuir an tÚdarás tús le straitéis cumarsáide arna chur in iúl do na ceadúnaithe ar fad go rabhthas ag tabhairt faoin tionscadal seo maidir le ceadúnas a athnuachan ar líne agus leanfar den straitéis cumarsáide sin i rith na bliana 2016.

**Leasú maidir le Cáilíochtaí**

Déanann an tÚdarás, mar chuid den phróiseáil ar an iarratas maidir le gach ceadúnas nua, cáilíochtaí nó inniúlacht an iarratasóra i ndáil le ceadúnas a mheas. Ar an Údarás a chur ar bun, leagadh síos na critéir maidir leis an measúnóireacht sin a dhéanamh sna Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Cáilíochtaí) 2012 - I.R. Uimh. 181 den bhliain 2012 agus is féidir iad a shásamh trí ghnóthachtáil acadúil (staidéar ar chaighdeán áirithe ar ábhair áirithe), trí chleachtadh oibre nó trí mheascán den ghnóthachtáil acadúil agus taithí oibre. Rinneadh na rialacháin sin a leasú i rith na bliana leis na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Cáilíochtaí) (Leasú) 2015 - I.R. Uimh. 456 den bhliain 2015 trína leagtar síos tréimhse staidéir níos giorra maidir leis na hábhair a shonraítear sa chás go bhfuil an t-iarratasóir ag brath ar ghnóthachtáil acadúil ar leibhéal Máistreachta nó Dochtúireachta i gcomórtas le cás ina bhfuil an t-iarratasóir ag brath ar ghnóthachtáil acadúil aníos go dtí leibhéal Máistreachta. Ní dhearnadh aon athrú maidir leis an taithí oibre a theastaíonn ná leis an meascán idir gnóthachtáil acadúil agus taithí oibre is féidir a áireamh le chéile. Is é toradh a bheidh go ginearálta ar an leasú gur fairsinge an dream a d'fhéadfadh ceadúnas a fháil gan aon ísliú maidir leis na híoschaighdeáin.

## Cuspóir Straitéiseach 2 a chur chun cinn

Córas imscrúdúchain agus breithiúnais a choimeád ar bun i dtaca leis na caighdeáin maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil

**Imscrúdú**

Is gné lárnach den chumhacht rialála a leagtar ar an Údarás imscrúdú a dhéanamh maidir le Soláthraithe Seirbhísí Maoine. Tá trí chineál imscrúdaithe ann is féidir leis an Údarás a dhéanamh, mar seo a leanas:

- imscrúdú a dhéanamh ar sheirbhísí maoine a bheith á gcur ar fáil go mídhleathach ag soláthraithe neamhcheadúnaithe seirbhísí,
- imscrúdú a dhéanamh maidir cúrsaí caighdeáin i ndáil le seirbhísí maoine a sholáthar agus comhlíonadh na reachtaíochta ag soláthraithe ceadúnaithe seirbhísí,
- imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar ghearáin faoi sholáthraithe ceadúnaithe seirbhísí.

Bíonn imscrúdú a dhéantar maidir le daoine a sholáthraíonn seirbhísí maoine gan ceadúnas cuí ina leith sin teoranta ionas nach dtagann san áireamh ach a dheimhniú an bhfuil nó nach bhfuil an duine sin ag cur seirbhís maoine ar fáil faoi mar a thugtar sainmhíniú ina leith sin san Acht agus an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís sin á chur ar fáil ar mhaite le comaoin (íocaíocht). A luaithe a bhíonn an dá fhíric sin deimhnithe, is faoin Údarás ionchúiseamh a dhéanamh os comhair na cúirte maidir le sárú ar alt 28 an Achta.

Is de dheoin an Údaráis féin a dhéantar imscrúdú maidir le cúrsaí caighdeáin i ndáil le soláthar seirbhísí maoine agus le comhlíonadh na reachtaíochta ag soláthraithe ceadúnaithe seirbhísí. Tagann i gceist scrúdú a dhéanamh cibé ar ghlac nó nár ghlac ceadúnaí páirt in “iompar míchuí” agus cé acu ar sháraigh nó nár sháraigh an ceadúnaí an tAcht.

Is le "iompar míchuí" amháin a bhaineann an tríú cineál imscrúdúcháin a thagann chun cinn mar gheall ar ghearán faoi Sholáthraí Seirbhísí Maoine. Leagtar amach an bunchreat dlí agus na nósanna imeachta maidir le himscrúduithe de na cineálacha seo i gCuid 7 an Achta. Go hachomair, tagann na nithe seo a leanas i gceist:

- na cúinsí agus an dóigh ina bhféadann an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh faoi "iompar míchuí", de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin, ag Soláthraí Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine;
- an chumhacht iontrála agus cigireachta atá ag Cigirí arna gceapadh ag an Údarás chun imscrúdú a dhéanamh agus a bhfuil de dhualgas ar na Cigirí sin,
- a bhfuil de dhualgas ar an Údarás tar éis imscrúdú a thabhairt chun críche; agus
- ceisteanna nach mór don Údarás a thabhairt faoi bhreithniú nuair a bhítear ag teacht ar chinneadh de bhun thuarascáil Cigire agus ag gearradh smachtbhannaíthe.

Is tábhachtach a thuiscint nach féidir leis an Údarás imscrúdú a dhéanamh ach amháin i ndáil le "iompar míchuí" a líomhnaítear agus sin de réir mar a thugtar sainmhíniú air, mar seo a leanas, san Acht:

> "(a) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh gnímh a fhágann nach duine inniúil cuí é a thuilleadh chun seirbhísí maoine a sholáthar,
> (b) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh sárú ar cheann ar bith de na hailt seo den Acht —
> alt 28(1), 29(9), 31(5), 37(1), (2), (4), (5), (6) nó (7), 41(1), 43(1), (2) nó (3), 44, (2), 56(1), 57(1), 58(3), 59(1), 60(1), 61, nó 81(1) nó (2),
> nó
> (c) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh sárú ar fhoráil de rialacháin a dhéantar faoi alt 46, 62, nó 95 den Acht,
> (d) an soláthraí seirbhísí do dhéanamh ráitis maidir le margadhluach comhairlithe nó maidir le luach comhairlithe ligin talún, is ráiteas ar léir é a bheith míréasúnach."

Maidir le cúrsaí imscrúdúcháin, is féidir leis an Údarás freisin imscrúdú a dhéanamh faoi dhaoine atá i mbun seirbhísí maoine, de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin, a chur ar fáil gan ceadúnas acu maidir leis na seirbhísí sin a chur ar fáil. Má thagtar ar an mbreith go bhfuil duine ina bhun sin, déanfaidh an tÚdarás ionchúiseamh a thionscnamh in aghaidh an duine sin.

**Gearáin**

Rinneadh 283 gearán leis an Údarás i rith na bliana 2015 i gcomórtas le 362 a fuarthas i rith na bliana 2014. D'fhéadfadh gurb é is cúis leis an laghdú beag seo meascán den obair atá déanta ag an Údarás maidir leis an gcúram a leagtar air a mhíniú don phobal agus treoir a thabhairt do na soláthraithe seirbhísí maoine faoi na bealaí leis na dualgais a leagtar orthu faoi Acht na bliana 2011 a chomhlíonadh. B'ionann, faoin 31 Nollaig 2015, líon iomlán na ngearán a rinneadh leis an Údarás ó thráth a bunaithe agus 981 gearán. Leagtar amach i gCairt 5 stádas na ngearán ar fad a tháinig ó mhí Iúil 2012 anuas go dtí an 31 Nollaig 2015:

**Cairt 5 Gearáin a fuarthas, mar a bhí an 31 Nollaig 2015**

| **Stádas an Ghearáin** | **31/12/2015** |
|---|---|
| Céim Tosaigh na Measúnóireachta | 410 |
| Céim an Scrúdúcháin | 130 |
| Tugtha chun críche - Diúltaithe/Neamh-inghlactha/Fánach/Cráiteach agus Taobh Amuigh de Chúram an Údaráis | 398 |
| Réitithe le hAontú idir na Páirtithe | 13 |
| Tarraingthe siar ag an nGearánaí | 30 |
| Ag Feitheamh ar Achomharc | 5 |

Faoi dheireadh na bliana, bhí 398 gearán nó 40% de na gearáin a tháinig go dtí sin tugtha chun críche gan call le cigire a cheapadh i mbun imscrúdúcháin. Tá sin inchomórtais le 179 gearán nó 25% de na cásanna sa bhliain 2014. Rinne an tÚdarás, i ngach cás den sórt sin, na cúiseanna a mhíniú nárbh fhéidir tabhairt faoi imscrúdú a dhéanamh, mar gheall sa chuid is mó de na cásanna nár tháinig ábhar an ghearáin faoi scáth "iompar míchuí" de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin in Acht na bliana 2011.

Measadh go raibh gá le beart imscrúdúcháin maidir le 130 cás agus bhí siad sin ar siúl, tar éis cigire a cheapadh ina mbun, nó bhíothas ag feitheamh le cigire a cheapadh ina mbun.

Ag tús na bliana faoi chaibidil, bhí riaráiste mór 53% de na gearáin fós ag céim tosaigh na measúnóireachta, gan deimhniú go fóill an leanfaí ar aghaidh le himscrúdú iomlán. Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí ualach na gcásanna reatha laghdaithe go dtí 41% le 410 gearán (283 gearán a tháinig isteach i rith na bliana 2015 san áireamh) den 981 gearán a tháinig ó cuireadh an tÚdarás ar bun ag céim tosaigh na measúnóireachta.

Bhí réimse leathan ag baint le hábhar na ngearán, ina measc táillí agus caiteachas, iompar eitice, mainneachtain maidir le litir fostaíochta, comhaontú seirbhíse maoine a leagan síos agus cúrsaí fógraíochta. Ar na líomhaintí a cuireadh i leith sholáthraithe seirbhísí maoine, bhain an líon ba mhó go mór acu leis an soláthar seirbhíse, beagnach aon tríú de na líomhaintí i rith na bliana. Bhain sciar suntasach de na gearáin (16%) le líomhaintí maidir le soláthraithe seirbhísí maoine airgead a choinneáil. Mar shampla, i gcás amháin, bhreathnaigh an gearánaí ar áitreabh a bhí le ligean ar cíos agus d'íoc sé éarlais áirithinte €400. Shocraigh an té sin, tráth níos faide anonn, nach leanfaí ar aghaidh leis an áit a thógáil ar cíos agus d'iarr, arís agus arís eile, ar an SSM an éarlais a thabhairt ar ais. Níor aistrigh an gearánaí isteach san áitreabh agus níos síníodh aon chomhaontú léasála. Tar éis don Údarás fiosrúchán tosaigh a dhéanamh, d'íoc an SSM €400 chun sochair an ghearánaí.

Rinne an tÚdarás fiosrúchán tosaigh le soláthraithe seirbhísí maoine i gcásanna gearáin den chineál céanna agus is féidir a rá go ndearnadh dul chun cinn suntasach le gearáin eile chomh maith, i ndáil le hairgead a bhí dlite do na cliaint a íoc ar ais leo. Cé nach raibh na cásanna sin tugtha chun críche go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2015, bhí comharthaí tréana ann tar éis don Údarás beart a dhéanamh go n-íocfaí an t-airgead a bhí dlite dóibh leis na cliaint i dtús na bliana 2016. Sa chuid is mó de na cásanna seo, thug an gearánaí le tuiscint nach raibh i gceist leanúint leis an ngearán, ar an mbunús go ndéanfaí an t-airgead a bhí dlite a aisíoc. Bhain 15% de na gearáin a fuarthas i rith na bliana le líomhaintí breise faoi dhaoine a bheith ag oibriú seirbhís maoine gan ceadúnas chuige sin a bheith acu.

**Achomharc maidir le Gearáin**

Foráiltear faoi Acht do phróiseas achomhairc neamhspleách faoinar féidir leis an mBord Achomhairc Seirbhísí Maoine (PSAB) cásanna achomhairc maidir le cinntí de na cineálacha seo a leanas de chuid an Údaráis a éisteacht agus breith a thabhairt ina leith.

(a) Diúltú ceadúnas a eisiúint ar fhoras nach duine cuí inniúil an duine maidir le seirbhís maoine a chur ar fáil nó nach sásaítear coinníollacha áirithe faoin Acht nó faoi Rialacháin a dhéantar faoin Acht.

(b) Diúltú imscrúdú a dhéanamh maidir le gearán

(c) Smachtbhanna éadrom a ghearradh ar cheadúnaí

(d) Gearán a chaitheamh amach

(e) Diúltú deontas as an gCiste Cúitimh a cheadú nó ceist maidir le suim an deontais a ceadaíodh.

Is féidir le haon duine, duine dleathach nó cuideachta san áireamh, ar ábhar díobhála acu cinneadh den sórt sin de chuid an Údaráis achomharc a dhéanamh leis an PSAB taobh istigh de thréimhse 30 lá á fhaightear cinneadh an Údaráis. Ní mór achomharc a dhéanamh i scríbhinn, é a sheoladh chuig Rúnaí an Bhord Achomhairc, agus na forais ar a ndéantar an t-achomharc a leagan amach ann chomh maith leis na cúiseanna agus na

hargóintí ar a bhfuil sé bunaithe, agus nithe eile a thugtar san áireamh, a lua. Bíonn an tÚdarás ina pháirtí i ndáil le gach cás achomhairc. Níl aon táille leagtha amach faoi láthair atá le híoc ag an achomharcóir.

Ar fhógra a fháil maidir leis an achomharc, ní foláir don Údarás, taobh istigh de 14 lá, cóipeanna a chur faoi bhráid an Bhord Achomhairc de na cáipéisí ar fad agus den eolas ar fad a bhaineann leis an gcinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh ina leith. Is féidir leis an Údarás, dá thogra féin, aighneacht i scríbhinn a chur faoi bhráid an Bhord Achomhairc taobh istigh de 30 lá. Sa chás go mbíonn an Bord Achomhairc den tuairim go bhfuil eolas ar bith a mbeadh gá leis ionas gur féidir breith a thabhairt ar an gcás achomhairc, is féidir leis an mBord fógra a sheirbheáil ar aon pháirtí á cheangal ar an bpáirtí an t-eolas áirithe sin a chur faoi bhráid.

Is féidir leis an mBord Achomhairc (a) an cinneadh is ábhar don achomharc a dheimhniú, (b) an cás a chur ar ais chuig an Údarás lena mheas in athuair agus cinneadh nua a dhéanamh ina leith, nó (c) an cinneadh is ábhar don achomharc a chur ar neamhní agus cinneadh eile a chur ina ionad.
Ní foláir don Bhord Achomhairc aon achomharc a mheastar a bheith fánach nó cráiteach nó gan ábhar nó bunús a chaitheamh amach.

Is féidir le páirtí ar bith maidir le cás achomhairc achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt maidir le ceist dlí a eascraíonn ón gcinneadh maidir leis an achomharc.


**Achomhairc a Tugadh faoi Mheas**

Rinne an Bord Achomhairc cinneadh i rith na bliana 2015 faoi 5 cinn de chásanna achomhairc a d'iarr gearánaithe ar dhiúltaigh an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh maidir leis an ngearán a bhí déanta acu. Tugtar san áireamh leis an líon sin dhá chás a tugadh ar aghaidh ón mbliain 2014. Ar iarratas ina leith sin a fháil ón mBord Achomhairc, thug an tÚdarás soiléirí maidir le haon chás amháin.

Mar a léirítear i gCairt 6 níor cheadaigh an Bord Achomhairc 4 cinn (80%) de na cásanna achomhairc, ag seasadh le cinneadh an Údaráis tabhairt faoi imscrúdú a dhéanamh ar na cásanna sin. Ar na cúiseanna leis na cinntí a lua, d'aontaigh an Bord Achomhairc le seasamh an Údaráis nárbh ionann ábhar an ghearáin agus "iompar míchuí" de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin san Acht agus/nó nár tháinig an t-ábhar faoi scáth an Achta.

Cheadaigh an Bord Achomhairc aon chás achomhairc amháin a ndearna an tÚdarás a mheas in athuair agus tugadh toradh i gcrích ar an gcás a bhí sásúil ag na páirtithe leis an ngearán.

**Cairt 6 Torthaí ar Achomhairc maidir le Cásanna Gearáin**




Tá 6 chás achomhairc eile a rabhthas ag fanacht lena meas ag an PSAB ar an 31 Nollaig 2015.

**Trádáil gan Cheadúnas agus Ionchúiseamh**

Is ábhar tromchúiseach ag an Údarás an coinníoll faoin reachtaíocht gur gá ceadúnas má táthar ag cur seirbhísí maoine ar fáil, ag tairiscint seirbhísí maoine nó ag fógairt seirbhísí maoine. Fágann cuideachtaí nó daoine aonair a chuireann seirbhísí ar fáil gan ceadúnas acu chuige sin go séantar ar a gcuid cliant an chosaint thábhachtach don tomhaltóir a ndéantar foráil dó

faoin Acht agus go mbíonn iomaíocht éagórach ar siúl leo siúd atá ag déanamh de réir an dlí agus iad ag cur seirbhísí ar fáil. D'fhéadfadh imscrúdú den chineál seo a theacht i gceist mar gheall ar thuairisc ó dhuine den phobal maidir le trádáil gan cheadúnas, nó mar gheall ar ghearán faoi iompar míchuí arna ndéanamh de mheoin mhaith ag cliaint na soláthraithe seirbhíse gan é á thuiscint dóibh go bhfuil an comhlacht nó an duine a bhfuiltear ag déanamh gearáin faoi ag oibriú gan aon cheadúnas.

Bíonn imscrúdú a dhéantar maidir le daoine a chuireann seirbhísí maoine ar fáil gan ceadúnas cuí ina leith sin teoranta ionas nach dtagann san áireamh ach a dheimhniú an bhfuil nó nach bhfuil an duine sin ag cur seirbhís maoine ar fáil faoi mar a thugtar sainmhíniú ina leith sin san Acht agus an bhfuil nó nach bhfuil an tseirbhís sin á chur ar fáil ar mhaithe le comaoin (íocaíocht). A luaithe a bhíonn an dá fhíric sin deimhnithe, is faoin Údarás ionchúiseamh a dhéanamh os comhair na cúirte maidir le sárú ar alt 28 an Achta.

Tugtar sonraí i gCairt 7 faoi chúig chás ionchúisimh a tugadh chun críche i rith na bliana 2015. Phléadáil an cúisí ciontach i ngach cás nuair a tuigeadh dóibh an fhianaise a bhí á cur os comhair na cúirte ag an Údarás. Ghearr an chúirt fíneáil i dhá chás agus cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm i dtí cinn de chásanna tar éis dóibh siúd a cúisíodh airgead a íoc le carthanais agus costais an Údaráis a ghlanadh go hiomlán. Chinn an chúirt i ngach cás de an cúig cinn go raibh costais an Údaráis le glanadh ag an gcúisí. Glanadh iomlán na gcostas sin i dtrí cinn de na cásanna agus táthar go gníomhach ag féachaint lena bhfáil ar ais i gcás eile (thug an chúirt aon bhliain amháin don pháirtí ciontach leis na costais a íoc). Sa chúigiú cás, ceanglaíodh ar chuideachta na costais a íoc. Rinne cosantóir amháin achomharc leis an gCúirt Chuarda maidir leis an bpianbhreith (fíneálacha) a gearradh sa Chúirt Dúiche. Rinne an Chúirt Chuarda leibhéal foriomlán na bhfíneálacha a chomhdhlúthú agus laghdú áirithe a dhéanamh orthu, ach fágadh breith na Cúirte Dúiche maidir le costais an Údaráis gan athrú.

**Cairt 7 Cásanna Ionchúisimh a tugadh chun críche i rith na bliana 2015**

| An Chuideachta nó an Duine Aonair a Cúisíodh | An Chúirt (an Chúirt Dúiche nó an Chúirt Chuarda) | Toradh | Suim na Fíneála | Suim a Íocadh le Carthanas | Iomlán na gCostas |
|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhaire Eastáit Neamhcheadúnaithe | D | Pléadáil Ciontach agus Fíneálacha | €5,000 | | €9,214.11 |
| Gníomhaire Eastáit Neamhcheadúnaithe - achomharc leis an gCúirt Chuarda maidir le pianbhreith na Cúirte Dúiche | C | Laghdaigh an Chúirt Chuarda na Fíneálacha ar Achomharc a dhéanamh | €2,400 | | €9,214.11 |
| Gníomhaire Eastáit Neamhcheadúnaithe | D | Pléadáil Ciontach, Íocaíocht le Carthanas agus an tAcht Promhaidh | | €1,000 | €6,815.50 |
| Gníomhaire Eastáit Neamhcheadúnaithe (Cuideachta) | D | Pléadáil Ciontach agus Fíneálacha | €16,500 | | €9.306.14 |
| Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Eastáit Neamhcheadúnaithe | D | Pléadáil Ciontach, Íocaíocht le Carthanas agus an tAcht Promhaidh | | €500 | €7,307.39 |
| Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Eastáit Neamhcheadúnaithe | D | Pléadáil Ciontach, Íocaíocht le Carthanas agus an tAcht Promhaidh | | €500 | €7,307.39 |

Is sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath a tharla gach ceann de na cásanna ionchúisimh go dtí seo. Tá líon áirithe cásanna a bhfuiltear chun cinn go maith leis an imscrúdú ina leith agus meastar go dtarlóidh cásanna eile ionchúisimh, taobh amuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath i rith na bliana 2016.

Ó chuaigh an tÚdarás i mbun feidhme i mí Iúil 2012, rinneadh 279 comhad a oscailt maidir le cuideachtaí nó daoine aonair a measadh a bheith i mbun trádála gan ceadúnas chuige sin. Ní thagann líon na gcomhad agus líon na mbeart imscrúdúcháin le chéile go díreach ó tharla go bhféadfadh níos mó ná gearán amháin a theacht i ndáil leis an oibritheoir amháin agus gur iondúil gur aon bheart imscrúdúcháin amháin a dhéanfaí dá bharr sin; d'fhéadfadh sé tarlú chomh maith go dtiocfadh níos mó ná aon chás ionchúisimh amháin de thoradh ar imscrúdú, e.g., in aghaidh cuideachta agus in aghaidh stiúrthóir(í) na cuideachta. Tugtar sonraí i gCairt 8 faoi stádas an 279 comhad sin, mar seo a leanas:

**Cairt 8 Stádas na nGearán maidir le hOibritheoirí gan Cheadúnas**

| Líon na gComhad | Stádas |
|---|---|
| 71 | Bhí ceadúnas cheana féin ag an té ar tugadh tuairisc ina leith nó bhí ceadúnas faighte sula raibh deireadh leis an imscrúdú ina leith. |
| 9 | Ní seirbhís maoine a bhí i gceist leis an iompar ar tugadh tuairisc ina leith agus ní raibh gá le ceadúnas chuige. |
| 39 | Rinneadh foirceannadh ar na comhaid seo ar chúiseanna éagsúla, ina measc gan aon fhianaise a bheith ar fáil *prima facie* go raibh trádáil ar bun gan cheadúnas, gan dóthain eolais a chur ar fáil go bhféadfaí a shonrú cén duine nó comhlacht a rabhthas ag déanamh gearáin ina leith nó cá raibh an duine nó an comhlacht sin le fáil, níorbh léir ón réamhscrúdúchán go raibh fírinne leis an tuairisc. |
| 26 | Measúnóireacht tosaigh ar bun d'fhonn a dheimhniú an bhfuil fianaise *prima facie* ar fáil go rabhthas i mbun trádála gan cheadúnas nó ag fanacht leis an toradh ar iarratas ar cheadúnas. |
| 115 | Ag fanacht go gceaptar imscrúdaitheoir i mbun an imscrúdúcháin. Cé gur féidir a mheas go dtiocfaidh ionchúiseamh de thoradh ar chuid mhór de na bearta imscrúdúcháin seo, tá cásanna ann, inar dócha gurb é toradh a bheidh ar an imscrúdú sa deireadh go ndeimhneofar tuairim an Údaráis nach bhfuil aon trádáil neamhcheadúnaithe ar siúl dáiríre. |
| 18 | Imscrúdú ar siúl nó ag teannadh lena dheireadh. |
| 1 | Ionchúiseamh os comhair na cúirte faoi láthair. |

Ní mór ceadúnas a bheith ag gach soláthraí seirbhísí maoine. Ina chomhthéacs sin, is gnách leis an Údarás scríobh chuig cuideachtaí nó daoine aonair a dtugtar tuairisc ina leith go bhfuil trádáil neamhcheadúnaithe ar siúl acu ag cur forálacha an Achta agus an gá le ceadúnas in iúl dóibh,

agus arna rá gur gá éirí as trádáil ar an toirt má tharlaíonn, le fírinne, go bhfuil trádáil ar bun acu gan an ceadúnas is gá chuige sin. Chomh maith leis an treoir ríshimplí éirí as trádáil a thugtar i litreacha an Údaráis, bíonn tábhacht leis na litreacha seo maidir le próiseas an ionchúisimh ó tharla nach mbíonn an chúirt in amhras ar bhealach ar bith faoin gcosantóir a bheith ar an eolas faoina bheith ag briseadh an dlí. Toradh amháin nach raibh súil leis, ach a rabhthas sásta mar gheall air, a tháinig ar fheachtas gairid maidir le litreacha éirí as trádáil a eisiúint go ndearnadh líon suntasach cuideachtaí agus daoine aonair caidreamh leis an Údarás ionas go bhfuair siad ceadúnais.

**Bearta Cigireachta maidir le Cúrsaí Comhlíontais a Iniúchadh**

Thug an tÚdarás faoi chigireacht iniúchta ar ghnólachtaí ceadúnaithe i rith na bliana 2015. Is é tuairim an Údaráis go bhfuil dhá chuspóir le cigireacht iniúchta, ar an gcéad dul síos, cásanna ina bhfuil an tAcht á shárú a thabhairt chun suntais agus, ní is tábhachtaí ná sin, an comhlíontas a spreagadh agus a thabhairt go mbíonn seirbhís ar chaighdeán gairmiúlachta ar fáil do chliaint uile na soláthraithe seirbhísí maoine.

Tá ábhar misnigh as torthaí na cigireachta iniúchta. Fuair an tÚdarás amach go raibh comhlíontas iomlán leis an Acht ar bun i gcás 37% de na bearta iniúchta agus fuarthas amach go raibh neamhchomhlíonadh i gceist maidir le 62.5% de na cásanna, idir Soláthraithe Seirbhísí Maoine a bheith ag sárú aon alt amháin den Acht nó sárú a bheith á dhéanamh ar altanna éagsúla ar fud réimsí éagsúla den Acht. Ar na haltanna a tharraing neamhchomhlíontas ar leibhéal ard, bhí na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint, ar leo a bhain 93.3% de na cásanna neamhchomhlíontais a tugadh chun suntas. Tharla sárú de chineálacha éagsúla i ndáil leis na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint, ina measc Cuntas Cliaint a bheith in easnamh, an focal "Cliant" a bheith fágtha ar lár maidir le cuntas bainc, táillí bainc a bhaint as Cuntas Cliaint, ráiteas comhardaithe a bheith fágtha ar lár. Bhain 86.6% den neamhchomhlíontas a tugadh chun cuntais le réimse ceisteanna maidir le

Litreacha Fostaíochta. I gcásanna áirithe, thug an tÚdarás chun aire nach raibh Litreacha Fostaíochta ar fáil, nár síníodh iad taobh istigh de sheacht lá nó go raibh litreacha neamhiomlán fiú sa chás gur eisíodh iad agus go raibh siad sínithe.

Maidir le 53.3% de na cásanna iniúchta, tugadh sárú i ndáil le Comhairle faoi Luach an Mhargaidh agus Comhairle faoin Luach Ligin chun aire agus tharla sárú maidir le ceadúnais a chur ar taispeáint nó a chur ar fáil i ndáil le 46.6% de na cásanna.

Tharla sárú de chineálacha eile freisin, ina measc mainneachtain maidir le hearráid a tugadh faoi deara ar chlár na gceadúnas a chur in iúl don Údarás (6.6%), ceisteanna maidir le taifid a choimeád (ginearálta) (26.6%), maidir le taifid a choimeád (seachas ceant) (33.3%) agus ceisteanna faoi árachas maidir le hurrús gairmiúil (6.6%). Leagtar amach go cuimsitheach i gCairt 9 na leibhéil neamhchomhlíontais a tugadh chun suntais le linn don Údarás an chigireacht iniúchta maidir le cúrsaí comhlíontais a dhéanamh.

**Cairt 9 Torthaí na Cigireachta maidir le Cúrsaí Comhlíontais**

| Alt | Cuntas | Neamhchomhlíonadh |
|---|---|---|
| Alt 29(9): | Mainneachtain maidir le hearráid a thugtar chun aire ar an gClár a chur in iúl don Údarás | 6.6% |
| Alt 37: | Ceadúnas a chur ar taispeáint agus a chur i láthair | 46.6% |
| Alt 41: | Fógra a thabhairt don Údarás faoi ghnó ábhartha | 13.35% |
| Alt 43: | Litreacha Fostaíochta | 86.6% |
| Alt 44: | Taifid a Choimeád (Ginearálta) | 26.6% |
| Alt 45: | Árachas maidir le hUrrús Gairmiúil | 6.6% |
| Alt 55: | Comhairle faoi Luach an Mhargaidh/an Luach Ligin | 53.3% |
| Alt 56: | Ní bheidh an meastachán maidir leis an bpraghas díolacháin níos ísle ná Luach an Mhargaidh de réir na Comhairle a thugtar | 26.6% |
| Alt 57: | Beidh Luach an Mhargaidh de réir na Comhairle a thugtar réasúnach | 6.6% |
| Alt 61: | Taifid a Choimeád (seachas ceant) | 33.3% |
| | Rialacháin maidir le hairgead cliaint | 93.3% |

## Smachtbhannaí

Mar a leagtar amach thuas, tar éis imscrúdú iniúchta a dhéanamh maidir le cúrsaí comhlíontais, fuarthas amach go raibh 62.5% de na ceadúnaithe nach raibh gach a n-éilítear faoin Acht á chomhlíonadh acu. Tugtar briseadh síos i gCairt 10 ar na smachtbhannaí a gearradh ar na ceadúnaithe. I gcásanna inar sáraíodh an tAcht maidir le Rialacháin faoi Airgead Cliaint nó Litreacha Fostaíochta, tugadh rabhadh do líon suntasach ceadúnaithe agus cláraíodh cásanna inar tharla sárú nach raibh chomh tromchúiseach sin, cásanna earráide san áireamh, ar Chlár na gCeadúnaithe agus sa chás nach raibh ceadúnas á chur ar taispeáint, eisíodh comhairle.

**Cairt 10 Smachtbhannaí a gearradh tar éis Cigireacht Iniúchta maidir le Cúrsaí Comhlíontais a dhéanamh**

| | |
|---|---|
| Rabhadh | (33.4%) |
| Rabhadh agus Comhairle | (53.3%) |
| Comhairle | (13.3%) |

## Cuspóir Straitéiseach 3 a chur chun cinn

Tuiscint an Phobail ar an Údarás a Chothú

**Nuachtlitir**

Sheol an tÚdarás an chéad eagrán den nuachtlitir chuig na ceadúnaithe go léir i mí na Nollag 2015. Bhí trácht sa nuachtlitir ar réimse leathan ábhair, lena n-áirítear an córas nua atá beartaithe maidir le hiarratas a dhéanamh ar líne ar cheadúnas a athnuachan, oibritheoirí neamhcheadúnaithe, obair a chur á déanamh go seachtrach, bearta in aghaidh sciúradh airgid agus leasú ar na caighdeáin maidir le cáilíochtaí. Tá rún nuachtlitreacha a eisiúint ar bhonn rialta d'fhonn a chinntiú go gcuirtear na ceadúnaithe ar an eolas faoi choinníollacha tábhachtacha faoin reachtaíocht, faoi threoir a bheith ar fáil a chuideodh leis an lucht ceadúnais agus lena gcuid cliant an earnáil a thuiscint agus eolas ginearálta maidir le hobair an Údaráis. Bhí glacadh maith ag an earnáil leis an nuachtlitir nuair a cuireadh ar fáil don lucht ceadúnais í agus beidh an tÚdarás ag déanamh dul chun cinn breise ina leith sin i rith na bliana 2016.

**Cruinniú i bPort Laoise**

Seimineár de chuid institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla (IPAV) i bPort Laoise i mí na Samhna 2015 an chéad ócáid phoiblí ar ar fhreastail an Príomhfheidhmeannach nua ar theacht in oifig di. Thug an ócáid deis don Phríomhfheidhmeannach í féin a chur in aithne do cheadúnaithe agus na téamaí maidir lena téarma oifige a leagan amach faoi na ceannteidil An Comhar, Cumarsáid, Cosaint an Tomhaltóra, Comhlíontas agus Córais Ríomhaireachta.

Dhírigh an Príomhfheidhmeannach ar réimse ceisteanna leis na ceadúnaithe agus bhí béim aici ar an ngá a bhí le coinníollacha na reachtaíochta agus na rialachán a chomhlíonadh agus ar a thoilteanaí atá sise cluas a thabhairt do thuairimí lucht na gceadúnas. Thapaigh sí an deis chomh maith na ceadúnaithe a chur ar an eolas faoin gcóras ríomhaireachta nua maidir le

hiarratas ar athnuachan ceadúnais a dhéanamh ar líne atá beartaithe agus a thiocfaidh i bhfeidhm i mí Iúil 2016 agus faoina bheith d'aidhm ag an Údarás an chumarsáid leis na ceadúnaithe a chur chun tosaigh trí chórais ríomhphoist. Pléadh an cheist maidir le hoibritheoirí neamhcheadúnaithe agus an rún atá ag an Údarás deireadh a chur leis an dream sin san earnáil chomh maith leis na deacrachtaí coitianta a thug an tÚdarás chun suntais le linn iniúchadh a dhéanamh ar ghnólachtaí i rith na bliana. Tarraingíodh anuas an Chosaint don Tomhaltóir maidir le hairgead an chliaint agus leagadh béim ar a thábhachtaí a bhí Cuntas an Chliaint a choinneáil de réir na rialachán. Phléigh an Príomhfheidhmeannach freisin roinnt ceisteanna a tharraing na daoine eile a bhí i láthair anuas chuici. Timpeall is 200 ceadúnaí atá forbheartach maidir leis an gcaidreamh a chothú leis an bPríomhfheidhmeannach a d'eagraigh an ócáid.

Thapaigh an Príomhfheidhmeannach gach deis bualadh le comhlachtaí agus grúpaí a raibh suim acu i gcruinniú léi agus leagadh síos bonn daingean faoin gcaidreamh agus faoin gcumarsáid le grúpaí den sórt sin as seo amach.

**An Láithreán Gréasáin**

Ag deireadh na bliana, tugadh cead athdhearadh a thabhairt ar láithreán gréasáin an Údaráis, ionas go mbeadh níos mó idirghníomhaíochta i gceist dóibh siúd a thaobhaíonn é, gur fusa nascleanúint a dhéanamh agus go gcuirtear an t-eolas ar fáil a bhíonn de dhíth ar lucht a úsáide. Beidh rannóg ar an láithreán nua a bheidh dírithe ar an tomhaltóir, ina mbeidh eolas agus treoir ar fáil faoi sheirbhís maoine a úsáid. Cuirfear tús leis an bhforbairt ar an láithreán i dtús na bliana 2016.

## Cuspóir Straitéiseach 4 a chur chun cinn

Cláir Phoiblí a Choimeád

**Cláir Phoiblí**

Coinníonn an tÚdarás trí cinn de Chláir Phoiblí, eadhon, Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe, Clár Poiblí na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine agus Clár na Léasanna Tráchtála.

**Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Chónaithe**

Ar na sonraí a fhoilsítear tá praghas, an dáta díolacháin agus seoladh gach áras maoine cónaithe a díoladh in Éirinn ó mhí Eanáir 2010 i leith. Is ó brainse R-stampála na gCoimisinéirí Ioncaim a fhaightear an t-eolas faoi na praghsanna díolacháin. Déantar an fhaisnéis a leasú gach seachtain agus a fhoilsiú taobh istigh d'aon mhí amháin ó dháta díolacháin na maoine.

Ceadaíodh Clár na bPraghsanna ar Mhaoin Cónaithe 1.6 milliún uair i rith na bliana 2015, rud a fhágann go raibh sé ar cheann de na cláir ba mhinice a ceadaíodh de chuid an Údaráis. Ó foilsíodh ar dtús é i mí Meán Fómhair 2012 go dtí deireadh mhí na Nollag 2015, ceadaíodh an láithreán 5.6 milliún uair. De ghrá na comparáide, 4 mhilliún uair a ceadaíodh é anuas go dtí deireadh mhí na Nollag 2014.

**Clár na Soláthraithe Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine**

Foilsítear clár na soláthraithe ceadúnaithe seirbhísí maoine ar láithreán gréasáin an Údaráis. Baineann cliaint sholáthraithe seirbhísí maoine úsáid as an gclár chun a dheimhniú go bhfuil ceadúnas ag an soláthraí seirbhíse a fhostaíonn siad. Bíonn cosaint ag an gcliant faoin Acht trí sholáthraí seirbhíse ceadúnaithe a úsáid, lena n-áirítear deis gnás gearáin an Údaráis a thapú, an ceart imscrúdú a dhéanamh ar chás gearáin agus teacht ar chiste cúitimh an Údaráis sa chás go dtabhódh an cliant caillteanas mar gheall ar bheart mímhacánta de chuid an cheadúnaí. Ní féidir leis an Údarás imscrúdú a dhéanamh maidir le gearán a dhéanann cliant sholáthraí seirbhísí maoine neamhcheadúnaithe ó tharla nach ceadúnaithe iad. Ina ainneoin sin, déanfaidh an tÚdarás imscrúdú i gcás dá shórt maidir leis an oibritheoir neamhcheadúnaithe a ndearna an cliant gearán ina leith.

Ar na sonraí a fhoilsítear ar an gClár, tá siad seo a leanas:

- Ainm an Cheadúnaí
- Seoladh an Cheadúnaí
- Catagóir an Cheadúnaí (i.e. Cuideachta, Trádálaí Aonair, Fostaí)
- Cineál an Cheadúnais
- Dáta Dhul in Éag an Cheadúnais

Déantar an Clár a leasú gach seachtain.

**Clár na Léasanna Tráchtála**

Tá de dhualgas faoin reachtaíocht ar thionóntaí maoine tráchtála an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil i ndáil le léasanna tráchtála a nascadh an 3 Aibreán 2012 nó ón dáta sin i leith:

- Seoladh na maoine tráchtála léasaithe;
- Dáta léasála na maoine;
- Téarmaí an léasa de réir na mblianta;
- An cíos atá le híoc i ndáil leis an maoin;
- Dáta tosaithe théarmaí an léasa;
- An chomaoin caipitil (más ann di) atá le híoc ag an tionónta nó ag an tiarna talún i dtaca leis an maoin tráchtála is ábhar don léas;
- A mhinice atá athbhreithniú cíosa le déanamh i ndáil leis an maoin;
- Na sonraí maidir leis an té atá faoi dhliteanas maidir le rátaí, árachas, táillí seirbhíse agus deisiúchán i ndáil leis an maoin;
- Achar glan an urláir, in aghaidh an stóir, maidir leis an maoin;
- Na sonraí (más ann dóibh) maidir le tréimhsí saor ó chíos, an tréimhse a cheadaítear maidir le feistiú, liúntais feistithe agus ranníocaíochtaí caipitil i ndáil leis an maoin;
- Na sonraí maidir le haon chlásál scoir atá sa léas; agus
- Uimhir aitheantais an deimhnithe de réir bhrí na Rialachán Dleachta Stampa (Ríomhstampáil Ionstraimí) 2009.

Chomh maith le heolas mion a chur ar fáil faoi léasanna a ceanglaíodh an 3 Aibreán 2012 nó ó shin i leith, tá eolas bunúsach ar an gclár chomh maith i ndáil le léasanna a ceanglaíodh idir an 1 Eanáir 2010 agus an dáta sin. Cláraíodh 43,574 iontráil anuas go dtí mí na Nollag 2015 i gcomórtas le 34,000 iontráil go deireadh mí na Nollag 2014. Foráiltear leis an gceangaltas dlí faoi alt 88 an Achta go bhfuil dlite orthu siúd a ghlacann léas tráchtála clárú ar Bhunachar Sonraí an Údaráis maidir le Léasanna Tráchtála taobh istigh d'aon mhí amháin. Tá líon suntasach de na tionóntaí a ghlacann le léasanna den sórt sin nach gcomhlíonann an dliteanas sin a dhéanamh. Cuireadh acmhainní breise i leith na bainistíochta ar an mbunachar sonraí faoi léasanna tráchtála ag teannadh le deireadh na bliana 2015 agus ar cheann de na torthaí air sin tá ardú suntasach maidir le leibhéal na léasanna a foilsíodh i rith na bliana 2015.

## Cuspóir Straitéiseach 5 a chur chun cinn

Leas éifeachtach a bhaint as acmhainní daonna, airgeadais, bainistíochta agus teicneolaíochta

**Acmhainní Foirne**

Bhí cúrsaí acmhainní foirne ar cheann de na réimsí ba mhó deacracht ag an Údarás arís i rith na bliana 2015.

Ar an Údarás a chur ar bun, bhí á mheas go mbeadh, ar a laghad, 30 ball foirne in iomláine (Príomhfheidhmeannach amháin, beirt Phríomhoifigeach Cúnta, deichniúr Ardoifigeach Feidhmiúcháin, aon Oifigeach Feidhmiúcháin déag agus seisear Oifigeach Cléireachais) de dhíth ionas go bhféadfadh an tÚdarás na feidhmeanna a chomhlíonadh. De bhreis ar an méid foirne a cuireadh ar fáil don Údarás ar dtús, cuireadh seisear ball foirne sa bhreis san iomlán ar fáil ag teannadh le deireadh na bliana 2013 d'fhonn déileáil leis an 300 gearán, a bheag nó a mhór, a thagann gach bliain agus chun aghaidh a thabhairt ar an riaráiste mór oibre maidir le himscrúdú a dhéanamh ar na cásanna gearáin. Ina ainneoin sin, mar gheall ar dhaoine a chuaigh ar scor agus daoine á n-aistriú go dtí réimsí eile den Roinn, ba dhíol suntais leibhéal na foirne san Údarás maidir leis an acmhainn bearta imscrúdúcháin ar chásanna gearáin a thabhairt chun cinn agus chun críche, bearta cigireachta i ndáil le déanamh de réir thorthaí iniúchóireachta a dhéanamh, eolas a chur ar fáil agus tuiscint an tomhaltóra a chothú ar leibhéal a bheadh sásúil.

**Léiriú Spéise**

I rith na bliana 2015, d'aimsigh an tÚdarás cistíocht chun ceathrar ball foirne sa bhreis a earcú (Ardoifigeach Feidhmiúcháin amháin agus triúr Oifigeach Feidhmiúcháin). Eisíodh fógra i mí na Nollag 2015 le lucht foirne na Roinne ag iarraidh 'Léiriú Spéise' maidir le hoibriú leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Léirigh beirt Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus seisear Oifigeach Feidhmiúcháin spéis oibriú leis an Údarás. Tá socraithe agallamh neamhfhoirmeálta a dhéanamh leis na hiarrthóirí i dtús mí Eanáir 2016.

Sainordú eile a leagtar mar fheidhm rialála ar an Údarás faoin reachtaíocht is ea bearta iniúchta a dhéanamh maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha a ghabhann leis na ceadúnais. Rinne an tÚdarás roinnt bearta iniúchta den sórt sin a chur ar bun i rith na bliana 2015. Tríd is tríd, tá acmhainní foirne an Údaráis a bheith faoi bhun an íosleibhéil is gá ina shrianadh géar maidir le tabhairt faoi na freagrachtaí rialála ar fad. D'fhonn cur leis na hacmhainní laghdaithe a cheadaítear don Údarás, aontaíodh cead obair imscrúdúcháin an Údaráis a chur á déanamh go seachtrach i ndeireadh na bliana 2014.

**Obair Sheachtrach**

Mar a luaitear thuas, aontaíodh cead obair imscrúdúcháin an Údaráis a chur á déanamh go seachtrach agus eisíodh tairiscint i rith na bliana 2015 ag lorg iarratais ó sholáthraithe seirbhísí den sórt sin. Ar an bpróiseas tairisceana a thabhairt chun críche, sonraíodh aon chomhlacht amháin mar chomhlacht buacach maidir leis an tseirbhís a iarradh a chur ar fáil. Tá leagtha amach go dtiocfaidh tús le hobair imscrúdúcháin an Údaráis a dhéanamh go seachtrach i rith na bliana 2016.

**Cairt 11 An Struchtúr Foirne ar an 31 Nollaig 2015**

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**

**Príomhfheidhmeannach**

| **AN UAIMH** | | **BAILE ÁTHA CLIATH** |
|---|---|---|
| | | **1.6 POC** |
| **1.8 AOF** | **1 AOF** | **1 AOF** |
| Ceadúnú | Seirbhísí Corparáide | Gearáin |
| Árachas | AD/Gnóthaí Airgeadais | Forfheidhmiúchán |
| Imréiteach Cánach | An Ciste Cúitimh | |
| | Eolas don Tomhaltóir | |
| **3 OF** | **1.8 OF** | |
| **2.3 OC** | **2.8 OC** | **1.6 OC** |

I rith shamhradh na bliana 2015, bhí cúnamh ag an Údarás ó dheichniúr oifigigh cléireachais sealadacha – cúigear ar feadh 10 seachtaine agus 5 cúigear ar feadh 13 seachtaine, 115 seachtaine ar fad, a chuidigh leis an bpróiseáil ar iarratais maidir le ceadúnais a athnuachan. Tháinig tairbhe ó thaobh tréimhsí próiseála agus feabhas éifeachta dá bharr sin maidir leis na hiarratais ar cheadúnais nua agus na hiarratais athnuachana araon.

**Maoiniú an Údaráis**

Íoctar na táillí a ghnóthaíonn an tÚdarás go díreach leis an Státchiste gach bliain agus déantar soláthar airgid as an Státchiste leis an Údarás. Tá ceangailte ar an Údarás faoin dlí an maoiniú a theastaíonn lena aghaidh a chur ar fáil. Ní mór iomlán an chostais, costas na foirne san áireamh, a chur ar fáil ó na táillí a ghnóthaíonn an tÚdarás féin.

Foráiltear le hAlt 25(3) den Acht nach féidir leis an Údarás brabús ná caillteanas a dhéanamh agus go mbeidh iomlán na dtáillí a ghearrtar gach bliain, chomh gar agus is féidir, ar bhlianta a áireamh lena chéile, comhionann le hiomlán an chaiteachais bhliantúil.

Ó cuireadh an tÚdarás ar bun i mí Aibreán 2012 go dtí an 31 Nollaig 2015, chuir an tÚdarás ioncam €9 milliún, €2.3 milliún de sin i rith na bliana 2015, ar ais chuig an Státchiste. Lena linn sin ar fad, b'ionann iomlán na ndeontas a thug an Státchiste don Údarás agus €4.4 milliún.

**An Coiste Cúitimh**

Déanann an tÚdarás an riarachán ar an gCiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a cuireadh ar bun faoin Acht. Ní mór don Údarás, sa chás go bhfuiltear cinnte gur thabhaigh cliant Sholáthraí Seirbhísí Maoine caillteanas de thoradh ar mhímhacántacht an tSoláthraí Seirbhísí Maoine, faoi réir ag coinníollacha áirithe a leagtar amach san Acht, cúiteamh a íoc leis an gcliant as an gCiste. Ar an 31 Nollaig 2015, bhí an tsuim a bhí chun sochair an níos mó ná €2.2 milliún. Ceanglaíodh go mbeadh €2 milliún sa Chiste taobh istigh de cheithre bliana ó thráth a bhunaithe agus baineadh an sprioc sin amach i rith na bliana 2015. Níor tharla éileamh ar bith a dhéanamh ar an gCiste Cúitimh faoi dheireadh na bliana 2015.

Is ionann an ranníocaíocht a bhíonn le híoc leis an gCiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus €200 in aghaidh na bliana agus an ranniocaíocht a bhíonn le híoc ag an bhfostaí agus €50 in aghaidh na bliana.

**Árachas maidir leis an gCiste Cúitimh**

D'fhonn an Ciste Cúitimh a chosaint, d'aontaigh an tÚdarás an Ciste a chur faoi árachas ar mhaithe lena chaomhnú agus a chinntiú go gcoinnítear an tsuim atá chun sochair an Chiste cothrom le €2 milliún ar a laghad. Cuireadh tús i rith na bliana 2015 leis an bplé agus na socruithe réamhullmhúcháin maidir leis an gCiste a chur faoi árachas agus meastar go dtabharfar an obair sin chun críche i rith na bliana 2016.

# Cuspóir Straitéiseach 6 a chur chun cinn

A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na polasaithe, na córais agus na gnáis oibre cuí maidir leis an rialachas corparáide

**Rialachas Corparáide**

Tagann an rialachas corparáide taobh istigh den PRSA faoi anáil:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011
- An Cód Cleachtais maidir le Rialú Chomhlachtaí Státurraithe;
- An Cód Cleachtais do chomhaltaí an Údaráis;
- An nós imeachta maidir le gnóthaí Airgeadais agus Soláthair

Déanann an PSRA, ina chomhlacht poiblí, de réir gach treoir maidir le rialachas corparáide a eisíonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Roinn eile de chuid an Rialtais.

Ó tharla go dtagann an PSRA faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, déanann an Rannóg Iniúchta Inmheánach sa Roinn sin iniúchadh bliantúil ar an Údarás. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG), glan air sin, iniúchadh bliantúil ar an Údarás d'fhonn a chinntiú go bhfuil leabhair cuí cuntais á gcoimeád agus na próisis agus na gnáis imeachta cuí á leanúint.

Tá Príomhfheidhmeannach an Údaráis freagrach don Bhord as déanamh na bhfeidhmeanna sin a bhforáiltear dóibh faoi alt 19 an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, lena n-áirítear an t-eolas sin is gá, maidir le déanamh na bhfeidhmeanna sin, a chur ar fáil. Cuireann an Príomhfheidhmeannach tuairisc i láthair ag gach cruinniú de chuid an Bhoird maidir leis an bPlean Straitéise agus leis an gClár Baoil.

Tá an tÚdarás tugtha go hiomlán dá chinntiú go mbíonn cultúr tréan maidir leis an rialachas corparáide ar bun ar fud fheidhmeanna agus fhreagrachtaí uile an PRSA agus go dtugtar, sa chás gur gá sin, faoi aon laige a thugtar chun aire a leigheas.

**Saoráil Faisnéise (FOI)**

Tháinig an tÚdarás faoi choimirce an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) den chéad uair an 14 Aibreán 2015, mar gheall ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Is é cuspóir atá leis an Acht SF a chinntiú go mbíonn teacht a oiread agus is féidir ag an bpobal ar fhaisnéis oifigiúil, gan dochar do leas an phobail ná don cheart ar phríobháideacht.

Déantar foráil faoin Acht SF do na cearta seo a leanas a bheith ag gach duine:

- an ceart teacht ar thaifid oifigiúla ar coimeád ag comhlachtaí poiblí mura bhfuil díolúine ina leith faoin dlí;
- an ceart a thabhairt go ndéantar faisnéis phearsanta a cheartú nó a thabhairt i leith na linne sa chás go mbíonn faisnéis den sórt sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- an ceart na cúiseanna le cinneadh a dhéanann comhlacht poiblí a chur in iúl dóibh sa chás go mbaineann an cinneadh sin go díreach leo.

D'fhonn an sárchleachtas a chinntiú i mbun an riaracháin maidir leis an bhfeidhm nua faoin reachtaíocht maidir le Saoráil Faisnéise, cheap an tÚdarás ball den fhoireann i mbun feidhme mar Oifigeach SF agus ag cuidiú leis an bpobal na gnáis oibre maidir le SF a úsáid chun an toradh is fearr a thabhairt i gcrích.

7 n-iarratas maidir le SF a tháinig chuig an Údarás i rith na bliana 2015. Agus gach ceann de na hiarratais á meas, d'oibrigh an tÚdarás de réir an pholasaí go bhféachfaí le haontú an fhaisnéis a scaoileadh agus rinneadh ina dhiaidh sin tástáil maidir le "díobháil" a oibriú agus tástáil maidir le "leas an phobail" ina dhiaidh sin arís i gcomhréir le forálacha an Achta SF. Cloíodh leis na teorainneacha dochta ama a leagtar síos san Acht SF.

Daoine den phobal a rinne mórchuid na n-iarratas (4). Bhí iriseoir a rinne dhá iarratas agus oifig aturnaetha a chuir iarratas eile faoi bhráid. Maidir le cineál na faisnéise, bhí idir fhaisnéis neamhphearsanta (3 iarratas) agus meascán d'fhaisnéis phearsanta agus d'fhaisnéis neamhphearsanta (4 iarratas i gceist). Níor tháinig aon iarratas maidir le faisnéis phearsanta amháin.

Bhí sciar mhór de na hiarratais (4) a bhain le heolas a iarraidh a bhí ar fáil go poiblí cheana féin, go hiomlán nó i bpáirt, mar gheall ar "Chlár na Seirbhísí Maoine" a dhéanann an tÚdarás a choimeád ar a luaitear mionsonraí faoi luch na gceadúnas. Tá an Clár ar fáil, saor ó tháille, ar láithreán gréasáin an Údaráis, ag daoine den phobal. Rinne an tÚdarás, ar an gcúis sin, iarratais SF den sórt sin a dhiúltú i gcomhréir leis an díolúine ar fhoras riaracháin a bhforáiltear di le halt 15 an Achta SF. Tharla ar an gcuma chéanna i ndáil le 3 iarratas maidir le faisnéis nó taifid nach raibh ar fáil.

Tugtar cuntas achoimre i gCairt 12 ar thoradh na n-iarratas ar fad agus luaitear cineál na díolúine faoin Acht SF a d'fhág nár scaoileadh faisnéis sa chás gur mar sin a tharla.

**Cairt 12 Cineál na Díolúine faoin Acht SF a bhí i bhfeidhm**

| Tag. don Chomhad | Catagóir an Iarratasóra | Ceadaíodh | Diúltaíodh | Díolúine – An tAlt den Acht SF lena mbaineann | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 15 | 32 | 35 |
| 1 | D | | ✓ | 15(2) | | |
| 2 | I | | ✓ | 15(1) | | |
| 3 | I | | ✓ | 15(1) | | |
| 4 | A | ✓ | | | | |
| 5 | D | | ✓ | 15(1) | 32(1) | 35(1) |
| 6 | D | | ✓ | 15(1) | | |
| 7 | D | | ✓ | 15(1) | | |

*A = Aturnae* *I = Iriseoir* *D = Duine den Phobal*

Rinne an tÚdarás i ngach cás míniú mion a thabhairt don iarratasóir faoin gcinneadh agus faoi na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh. Ba mhinic, sa chás gur measadh nach bhféadfaí an fhaisnéis a bhí á hiarraidh a chur ar fáil faoi scáth SF, gur cuireadh an t-eolas ar fáil don iarratasóir ar bhealach eile taobh amuigh den chóras SF.

**Achomhairc maidir le SF**

As 6 cinn de chásanna inar dhiúltaigh an tÚdarás faisnéis a scaoileadh, bhí cás amháin a ndearnadh athbhreithniú inmheánach ina leith i rith na bliana 2015. Rinneadh sa chás sin an buniarratas SF a mheas go hiomlán in athuair ar leibhéal níos sinsearaí. Ba é ar cinneadh air tar éis athbhreithniú inmheánacha a dhéanamh an t-iarratas SF a dhiúltú ach ba ar chúiseanna éagsúla sin. Iarradh go ndéanfaí athbhreithniú inmheánach freisin ar chás eile a ndearnadh cinneadh ina leith i ndeireadh na bliana 2015 agus tugadh an t-athbhreithniú ar aghaidh dá bhrí sin go dtí an bhliain 2016.

Níor ghearr an tÚdarás táillí ar iarratasóirí i ndáil le costais cuardaigh, athghabhála ná cóipeála. Fuarthas táille €30 maidir leis an gcostas i ndáil le haon athbhreithniú inmheánach amháin.

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)**

Déantar foráil le Cuid 10 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 do scéim CPD don lucht ceadúnais a thabhairt chun cinn. D'aontaigh an tÚdarás ag deireadh na bliana 2015 scéim CPD a chur i dtoll a chéile i rith na bliana 2016 agus an scéim a thabhairt i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2017.

# AGUISÍN

# RÁITIS AIRGEADAIS 2015

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

## An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Áirítear leis na ráitis airgeadais, an ráiteas faoi ioncam faoi chaiteachas agus faoi chúlchistí ioncaim iarchurtha, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 22 an Achta agus de réir an ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

**Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine**
Tá an tÚdarás freagrach as na ráiteas airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léiriú fírinneach cóir iontu ar idirbhearta an Údaráis agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Is é atá de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar an t-iniúchadh i ndáil leis na cúinsí faoi leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eitice d'Iniúchóirí a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta.

**Scóp na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais**
Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a oiread is gá ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu ar de bharr calaoise nó earráide a tharlódh sin. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé go bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí an Údaráis, gur cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus go ndearnadh nó nach ndearnadh a nochtadh go leordhóthanach

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair na ráiteas airgeadais go ginearálta.

Féachaim freisin le linn na hiniúchóireachta le fianaise ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais a aimsiú.

Déantar, chomh maith leis an méid sin, tuarascáil bhliantúil an Údaráis a léamh d'fhonn aon mhíréir ábhartha leis na ráitis
airgeadais iniúchta a thabhairt chun suntais. Sa chás go dtugtar míráiteas nó neamhréireacht ábhartha chun aire, déanaim a mbeadh de thoradh air sin maidir leis an tuairisc a thugaim a mheas.

**Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais**

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais,

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis mar a bhí ar an 31 Nollaig 2015 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Údaráis don bhliain 2015; agus

- go ndearnadh a n-ullmhú mar is cóir de réir an ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

Is é mo thuairim, go raibh taifid cuntasaíochta an Chiste leordhóthanach ionas gurbh fhéidir iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid cuntasaíochta.

**Ábhar ar a dtugaim tuairisc eisceachta**
Tugaim tuairisc eisceachta sa chás nár cuireadh ar fáil dom an fhaisnéis agus an t-ábhar míniúcháin ar fad a theastaigh don iniúchóireacht, nó sa chás go dtugaim chun aire

- aon chás ábhartha nach chun na críche a bhí beartaithe a caitheadh an t-airgead nó aon chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás a dtáinig siad faoina rialú, nó

- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis ag teach leis na ráitis airgeadais lena ngabhann sin nó le heolas ar thángthas air le linn an iniúchóireacht a dhénamh, nó

- nach léir ón ráiteas faoin rialáil airgeadais inmheánach gur chloígh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil ceisteanna ábhartha eile ann maidir leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil le hábhar a ndéantar tuairisc eisceachta a thabhairt ina leith.

**Mary Henry**
**Ar son agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**28 Deireadh Fómhair 2015**

# Ráitis Airgeadais

# An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

# Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

**CLÁR AN ÁBHAIR** **LEATH.**


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis | 3 |
| Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais | 4 |
| Ráiteas faoin Ioncam agus faoin gCaiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Iarchurtha | 6 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 7 |
| Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid | 8 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 9 – 15 |

**AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS**

Ceanglaítear ar an Údarás le hAlt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 gach cuntas cuí den ghnáthchineál ar airgead a fhaightear agus a chaitear a choimeád i bhfoirm den sórt a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní mór don Údarás:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua gur cloíodh leis na caighdeáin cuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha uathu arna nochtadh agus arna mhíniú sna ráitis airgeadais

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntais a choinneáil ina dtugtar tráth ar bith léargas atá réasúnta cruinn ar staid airgeadais an Údaráis agus trínar féidir a chinntiú go sásaítear Alt 22(2) an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 leis na ráitis airgeadais. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chinntiú go ndéantar na sócmhainní a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt chun suntais.

________________________________

Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

________________________________

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaímid go bhfuil de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas cuí ar bun san Údarás maidir le rialú inmheánach airgeadais.

Táthar den tuairim go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, le haird ar mhéid an Údaráis, ar leibhéal an chaiteachais, ar na hacmhainní foirne agus ar chineál na hoibre. Ina dhiaidh sin féin, ní thugtar dearbhú iomlán, agus ní féidir dearbhú iomlán a thabhairt, leis na córais nach dtarlódh earráidí ábhartha.

Tá an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais glactha chuige féin ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú gach mí ar an gcuntas caiteachais a mar aon leis an ioncam a fuarthas.

Is é an tÚdarás a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile go tráthrialta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus ar na pleananna. Gníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin de réir an údaráis sin amháin a tharmligeann an tÚdarás leo d'fhonn polasaithe agus cinntí an Údaráis a thabhairt i gcrích.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir sin, déantar dualgais foirne a dhealú go cuí ach an baol a bhainfeadh leis sin agus an líon teoranta lucht foirne a thabhairt san áireamh. Tá na nósanna imeachta sainiúla seo a leanas i bhfeidhm ionas go gcuirtear rialú airgeadais éifeachtach ar fáil.

1. Tá nós imeachta foirmeálta i bhfeidhm maidir le hearraí agus seirbhísí a cheannach, sonraisc i dtaca le hearraí agus seirbhísí a aontú agus údarás a thabhairt le híocaíocht maidir le hearraí agus seirbhísí. Neartaíodh leis an nós imeachta ina leith sin i rith na bliana trí mholtaí a d'eascair as an iniúchadh inmheánach a chur i bhfeidhm.
2. Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar na cuntais bainistíochta gach mí.
3. Tagann nós imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais faoi réir athbhreithniú de chuid rannóg iniúchta inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
4. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne Dlí agus Cirt athbhreithniú ar an obair maidir leis an iniúchadh inmheánach.
5. Cloíonn an tÚdarás leis na treoirlínte ar fad a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí soláthair agus táthar ag cloí leis na ciorcláin ar fad maidir leis an úsáid éigeantach as creat-chomhaontuithe agus creatchonarthaí.

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais don rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

________________________________

Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

________________________________

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOIN IONCAM AGUS FAOIN gCAITEACHAS AGUS FAOI NA CÚLCHISTÍ IONCAIM IARCHURTHA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| **Ioncam** | **Nótaí** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Deontas ón Oireachtas | **2** | 1,361,434 | 1,216,739 |
| Acmhainní an Údaráis féin | **3** | 2,241,386 | 2,205,610 |
| **Ioncam Iomlán** | | **3,602,820** | **3,422,349** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | **4** | 957,941 | 973,905 |
| Riarachán, Oibriúchán & Cur chun Cinn | **5** | 329,980 | 279,327 |
| Táille Iniúchóireachta | | 21,221 | 8,800 |
| Dímheas | **6** | 4,174 | 2,148 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **1,313,316** | **1,264,180** |
| **Barrachas na bliana roimh Cúrsaí Leithreasa** | | **2,289,504** | **2,158,169** |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | **7** | 4,174 | 2,148 |
| Arna íoc leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | | '2,240,000) | (2,250,000) |
| Barrachas/ (easnamh) don bhliain tar éis Cúrsaí Leithreasa | | 53,678 | -89,683 |
| Barrachas á thabhairt ar aghaidh an | | 21,449 | 111,132 |
| **Barrachas á thabhairt ar aghaidh** | | **75,127** | **21,449** |

**Tugtar san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus faoi Chaiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Iarchurtha na gnóthachain agus na caillteanais ar fad a áiríodh i rith na bliana. Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go dtí 14.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine;

______________________________

Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

______________________________

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

## AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS
## AR AN 31 NOLLAIG 2015

| | Nótaí | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, Innealra & Trealamh | **6** | 20,206 | 8,390 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim | | 77,750 | 60,912 |
| Fardal | **8** | 17,177 | 14,264 |
| Suimeanna Dlite agus Réamhíocaíochtaí | | 14,313 | 16,661 |
| | | **109,240** | **91,837** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna le híoc agus Fabhrú | | 34,113 | 70,388 |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | **75,127** | **21,449** |
| **Iomlán na Sócmhainní Glan** | | **95,333** | **29,839** |
| **Arna áireamh** | | | |
| An Cuntas Caipitil | **7** | 20,206 | 8,390 |
| Cúlchistí ioncaim iarchurtha | | 75,127 | 21,449 |
| | | **95,333** | **29,839** |

**Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go dtí 14.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine;

Maeve Hogan Uasal,
Príomhfheidhmeannach: Dáta:

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach
Gníomhach: Dáta:

# AN tÚDARÁS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOIN SREABHADH AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

**RÁITEAS FAOIN SREABHADH AIRGID**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015**

| **Sreabhadh Airgid Glan ó Bhearta Oibriúcháin** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas/ (easnamh) oibriúcháin na bliana | 53,678 | (89683) |
| Dímheas sócmhainní inláimhsithe | 4,174 | 2,148 |
| Aistriú glan chuig an gcuntas caipitil | 11,816 | 5,736 |
| (Ardú)/ ísliú maidir leis an bhfardal | (2,913) | 7,704 |
| Ísliú maidir le suimeanna dlite agus réamhíocaíochtaí | 2,348 | 9,072 |
| (Ísliú)/ Ardú maidir le suimeanna le híoc agus fabhrú | (36,275) | 28,028 |
| | | |
| **Sreabhadh nua airgid isteach / (amach) ó na Bearta Oibriúcháin** | **32,828** | **(36,995)** |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó bhearta infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí maidir le maoin, innealra agus trealamh a cheannach | (15,990) | (7,884) |
| | | |
| **Ardú/ (ísliú) maidir le hAirgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim** | **16,838** | **(44,879)** |
| | | |
| **Ráiteas faoi athruithe maidir le glanchistí / (glanfhiachas)** | | |
| | | |
| Cistí glan an 1 Eanáir | 60,912 | 105,791 |
| Cistí glan an 31 Nollaig | 77,750 | 60,912 |
| | | |
| Ardú/ (ísliú) glan maidir le hAirgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim | **16,838** | **(44,879)** |

**Is cuid de na ráitis airgeadais seo nótaí 1 go dtí 14.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine;

________________________________

Maeve Hogan Uasal,
Príomhfheidhmeannach: Dáta:

________________________________

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach
Gníomhach: Dáta:

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

1. **Polasaithe Cuntasaíochta**
   Leagtar amach anseo síos bunús na cuntasaíochta agus na polasaithe suntasacha cuntasaíochta atá glactha chuige féin ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Rinneadh iad uilig a chur i bhfeidhm go leanúnach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

   a) **Eolas Ginearálta**
   Cuireadh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá ceannoifig an Údaráis in Áras na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí. Seo a leanas na príomhfheidhmeanna a leagtar ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine de réir mar a leagtar amach in Alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011:

   - Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan
   - An Clár a chur ar bun agus a choimeád
   - Coinníollacha maidir le cáilíochtaí agus coinníollacha eile a leagan amach agus a chur i bhfeidhm
   - Caighdeáin, lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus caighdeáin chuí eitice, a a leagan amach agus a chur i bhfeidhm
   - An Ciste a chur ar bun, a chothabháil agus a riar
   - Córas imscrúdúcháin a chur ar bun agus a riar i ndáil le ceadúnaithe
   - Smachtbhannaí éadroma nó smachtbhannaí troma a ghearradh ar cheadúnaithe
   - Iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt maidir le deimhniú ar smachtbhannaí troma a ghearrtar ar cheadúnaithe
   - Tuiscint an phobail a chothú agus eolas a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí maoine
   - Cóid Chleachtais a chur chun tosaigh, a fhorbairt agus a aontú
   - An tAire a choinneáil ar an eolas faoi chora nua maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire comhordú a dhéanamh agus beartas a cheapadh ina leith sin
   - Sonraí faoi phraghsanna díolacháin áitribh chónaithe a choinneáil agus a fhoilsiú
   - Bunachar Sonraí maidir le Léasanna Tráchtála a chur ar bun agus a choimeád
   - Aon fheidhm eile a dhéanamh a leagtar air faoi fhoráil ar bith eile de chuid an Achta nó de chuid achtacháin eile nó rialachán faoin Acht nó faoi achtachán eile

   Is Eintiteas Leas an Phobail (PBE) an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine.

b) **Ráiteas faoin gComhlíontas agus faoi bhunús na cuntasaíochta**

Rinneadh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollag 2015 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán maidir le tuairiscíocht airgeadais a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscíocht Airgeadais (FRC) agus arna aontú ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is iad seo an chéad chuid de ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é dáta an aistrithe go dtí FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Ní raibh aon tionchar ag an aistriú go dtí FRS 102 ar an staid airgeadais a chuirtear in iúl ná ar an bhfeidhmíocht airgeadais. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú de réir mhodh fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin de réir mar a luaitear thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**c) Ioncam**

Déantar ioncam deontais ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ioncam ó tháillí ceadúnas a lua ar bhonn fáltais airgid thirim. Áirítear ioncam táillí ceadúnais ar iarratas ar cheadúnas a fháil. Déantar ioncam ó tháillí ceadúnas a íoc leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais gach ráithe. Déantar sin a lua mar leithreas i gcabhair i gcuntais na Roinne. Coimeádann an tÚdarás iarmhéid sna cuntais ionas gur féidir táillí a aisíoc.

Ceanglaítear ar an Údarás faoi alt 77(1) den Acht ciste a bhunú, a riar agus a choimeád ar a dtugtar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine. Déantar cuntais an Chiste a ullmhú agus a iniúchadh ar leithligh i gcomhréir le Sceideal 6 leis an Acht.

**d) Caiteachas**

Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a dhéanann próiseáil ar an bpárolla agus tugtar tuairisc ina leith sna ráitis airgeadais ar bhonn íocaíochtaí airgid thirim.

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Íocfar dliteanais phinsin na mball foirne sin as Vóta 12 - Aoisliúntas agus ní dhéantar soláthar ar bith sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais sin.

**e) Maoin, Innealra agus Trealamh**

Déantar maoin, innealra agus trealamh a lua de réir an ghlanluach leabhair ar dháta a aistrithe chuig an Údarás.

Déantar dímheas ar bhonn dronlíne ar feadh an ré úsáide measta i ndáil le maoin, innealra agus trealamh ag tosú an mhí a gcuirtear an tsócmhainn in úsáid.

| | |
|---|---|
| Troscán | 10% Dronlíneach |
| Cruaearraí & Bogearraí TE | 20% Dronlíneach |
| Trealamh Oifige | 20% Dronlíneach |

**f) An Cuntas Caipitil**

Is ionann an cuntas caipitil agus luach neamhamúchta an ioncaim a chuirtear i leith chaiteachas caipitil.

**g) Sochair Fostaithe**

Sochair Ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha de leithéid pá laethanta saoire a áireamh mar chostas i leith na bliana agus déantar sochair fhabhraithe ag deireadh na bliana a áireamh leis an bhfigiúr maidir le Suimeanna le hÍoc sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

## 2 Deontas ón Oireachtas

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Focheannteideal F3 faoi Vóta 24 – Dlí agus Ceart agus Comhionannas | **1,361,434** | **1,216,739** |

Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a dhéanann gach íocaíocht thar ceann an Údaráis, a chuireann cistíocht ar fáil. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a chuirtear de mhuirear in aghaidh Chuntas Leithreasa na Roinne sin.

## 3 Acmhainní an Údaráis féin

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ioncam ó tháillí ceadúnais | 2,385,770 | | 2,387,780 |
| Lúide aisíoc | (151,260) | 2,234,510 | (184,050) |
| Táille maidir le teacht ar chlár na léasanna tráchtála | | 30 | 1,880 |
| Ioncam Ilghnéitheach | | 6,846 | - |
| **Iomlán an ioncaim** | | **2,241,386** | **2,205,610** |

Caitheann ceantálaithe, gníomhairí eastáit, gníomhairí ligin agus gníomhairí bainistíochta maoine a bheith ceadúnaithe agus faoi rialáil ag an Údarás. Bíonn táillí ceadúnais le híoc gach bliain.

Rinne an tÚdarás, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a leagtar ar an Údarás faoi alt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 agus le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Leagtar amach sna Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) (Ceadúnú) 2011, 2012, an táille maidir le ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan: fostóir seirbhísí maoine - €1,000, conraitheoir neamhspleách - €1,000, agus príomhoifigeach nó fostaí - €100.

## 4 Costais Foirne

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá agus Tuarastal | 942,187 | 971,955 |
| Taisteal agus Cothabháil | 15,754 | 1,950 |
| **Iomlán** | **957,941** | **973,905** |

D'fhostaigh an tÚdarás 18.2 ball foirne choibhéis lánaimseartha i rith na bliana 2015 (2014:18) agus 10 ball foirne sealadach (2014:10).

Briseadh síos ar Shochair Fhostaithe

| Réimse Shochair Iomlána na bhFostaithe | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Idir** | **Agus** | **2015** | **2014** |
| €70,000 | €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 | €89,999 | 1 | - |
| €90,000 | €99,999 | 1 | 1 |

## 5 Riarachán, Oibriúchán & Bolscaireacht

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí chomhaltaí an Bhoird | 50,873 | 50,873 |
| Postas agus teileachumarsáid | 53,589 | 59,093 |
| Trealamh oifige agus soláthairtí eile oifige | 36,328 | 50,254 |
| Glanadh & cothabháil oifigí | 7,434 | 7,256 |
| Solas & Teas | 14,571 | 15,304 |
| Táillí dlíodóireachta | 157,083 | 87,760 |
| Táillí bainc | 538 | 489 |
| Costais Ghinearálta | 9,564 | 8,298 |
| | **329,980** | **279,327** |

## 6 Sócmhainní Seasta

| | TE | Trealamh Oifige | Troscán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2015 | 15,536 | 2,950 | 1,634 | 20,120 |
| Éadáil | - | - | 15,990 | 15,990 |
| Diúscairt | - | - | - | - |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 15,536 | 2,950 | 17,624 | 36,110 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2015 | 7,280 | 2,816 | 1,634 | 11,730 |
| Muirear na bliana[1] | 3,107 | 134 | 933 | 4,174 |
| Diúscairt | - | - | - | - |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | 10,387 | 2,950 | 2,567 | 15,904 |
| **Glanluach Leabhair** | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2015 | 8,256 | 134 | - | 8,390 |
| Ar an 31 Nollaig 2015 | **5,149** | **-** | **15,057** | **20,206** |

[1] Áiríodh dímheas i rith na bliana de réir bhunchostas ceannacháin na sócmhainní.

## 7 An Cuntas Caipitil

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 8,390 | 2,654 |
| Amúchadh ar aon dul leis an dímheas | (4,174) | (2,148) |
| Breiseanna | 15,990 | 7,884 |
| | **20,206** | **8,390** |

## 8 Stoc

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Stáiseanóireacht | 9,990 | 9,261 |
| Fótachóipeáil / TE | 5,250 | 3,759 |
| Ilghnéitheach | 1,937 | 1,244 |
| | **17,177** | **14,264** |

## 9 Tobhach Pinsin

Is ionann an costas tuarastail a luaitear sa chuntas seo agus an t-ollchostas ar an Údarás don tréimhse. Is í an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais a íocann tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaint maidir le tobhach pinsin, de réir alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coimeádtar sin mar Leithreas i gCabhair ag an Roinn sin.

## 10 Áitribh

Oibríonn an tÚdarás as áitreabh ar Bhóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí, a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil saor in aisce. Tá oifig ag an Údarás freisin i gCearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 1 ó mhí na Nollag 2013 i leith chun críche imscrúdú a dhéanamh ar chásanna gearáin.

## 11 Dearbhú Leasanna na gComhaltaí

Ghlac an tÚdarás chuige féin na nósanna imeachta a thagann leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na tréimhse faoi chaibidil. Níor tharla aon idirbheart maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Údaráis i rith na tréimhse ina raibh aon leas tairbhiúil ag aon duine de na comhaltaí.

## 12 Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Chuaigh Príomhfheidhmeannach an Údaráis amach ar scor i mí Iúil 2015. Bhí luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ar feadh na tréimhse go dtí mí Iúil 2015 bunaithe ar bhuntuarastal bliantúil €56,309. Ina theannta sin, d'fhabhraigh an Príomhfheidhmeannach thart ar €3,500 maidir le costais taistil agus cothabhála don tréimhse go dtí mí Iúil 2015 de réir rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse. Ceapadh Príomhfheidhmeannach nua an 24 Lúnasa 2015 a fuair luach saothair go dtí an 31 Nollaig 2015 cothrom le €28,488 chomh maith le tuairim is €1,500 a fhabhrú maidir le costais taistil agus cothabhála de réir rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh íocaíochtaí ar bith i rith na bliana 2015 a bhain le cúrsaí feidhmíochta.

## 13 Táillí Chomhaltaí an Bhoird

Bunaíodh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine an 3 Aibreán 2012. Íocadh táillí €38,155 le comhaltaí boird an Údaráis sa bhliain 2012. Íocadh €50,872 sa bhliain 2013, €50,873 sa bhliain 2014 agus €50,873 sa bhliain 2015 mar seo a leanas;

| **An Comhalta Boird** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Geraldine Clarke (Cathaoirleach) | 8,978 | 8,978 |
| Paul Mooney | 5,985 | 5,985 |
| Patrick Davitt | 5,985 | 5,985 |
| Myles O'Reilly | 5,985 | 5,985 |
| Josephine Henry | 5,985 | 5,985 |
| James Doorley | 5,985 | 5,985 |
| Edward Carey | 5,985 | 5,985 |
| Deirdre Fox | 5,985 | 5,985 |
| | **50,873** | **50,873** |

## 14 Aontú na Ráiteas Airgeadais

D'aontaigh an tÚdarás na cuntais seo an 12/10/2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Áirítear leis na ráitis airgeadais, an ráiteas faoi ioncam faoi chaiteachas agus faoi chúlchistí ioncaim iarchurtha, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Sceideal 6 leis an Acht agus de réir an ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

**Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine**

Tá an tÚdarás freagrach as na ráiteas airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léiriú fírinneach cóir iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Is é atá de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar an t-iniúchadh i ndáil leis na cúinsí faoi leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eitice d'Iniúchóirí a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta.

**Scóp na hIniúchóireachta ar na Ráitis Airgeadais**

Is éard atá i gceist le hiniúchadh fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a oiread is gá ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu ar de bharr calaoise nó earráide sin. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- cibé go bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí Chuntais an Chiste, gur cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhleanúnach iad agus go ndearnadh nó nach ndearnadh a nochtadh go leordhóthanach

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus

- cur i láthair na ráiteas airgeadais go ginearálta.

Féachaim freisin le linn na hiniúchóireachta le fianaise ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais a aimsiú.

**Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais**

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais,

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Chuntais an Chiste ar an 31 Nollaig 2015 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Chiste don bhliain 2015; agus

- go ndearnadh a n-ullmhú mar is cóir de réir ghnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

Is é mo thuairim, go raibh taifid cuntasaíochta an Chiste leordhóthanach ionas gurbh fhéidir iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid cuntasaíochta.

**Ábhar ar a dtugaim tuairisc eisceachta**

Tugaim tuairisc eisceachta sa chás nár cuireadh ar fáil dom an fhaisnéis agus an t-ábhar míniúcháin ar fad a theastaigh don iniúchóireacht, nó sa chás go dtugaim chun aire

- aon chás ábhartha nach chun na críche a bhí beartaithe a caitheadh an t-airgead nó aon chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás a dtáinig siad faoina rialú, nó
- go bhfuil ceisteanna ábhartha eile ann maidir leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil le hábhar a ndéantar tuairisc eisceachta a thabhairt ina leith.

**Mary Henry**
**Ar son agus thar ceann**
**an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**28 Deireadh Fómhair 2015**

# Ráitis Airgeadais

# An Ciste Cúitimh Seirbhísí Maoine

# Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

**CLÁR AN ÁBHAIR** **LEATH.**


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis | 3 |
| Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais | 4 |
| Ráiteas faoin Ioncam agus faoin gCaiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Iarchurtha | 6 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2015 | 7 |
| Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 | 8 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 9-11 |

## AN CISTE CÚITIMH SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS RIALÁLA SEIRBHÍSÍ MAOINE

Ceanglaítear ar an Údarás le hAlt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm den sórt a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus i ndáil le cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá dlite ar an Údarás:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua gur cloíodh leis na caighdeáin cuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha uathu arna nochtadh agus arna mhíniú sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as cuntas cuí den ghnáthchineál a choinneáil ar an airgead ar fad a íoctar isteach sa Chiste Cúitimh agus ar gach íocaíocht amach as an gCiste Cúitimh, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoin sreabhadh airgid agus clár comhardaithe, i gcomhréir le Sceideal 6(7) leis an Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a chinntiú go ndéantar na sócmhainní a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt chun suntais.

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

________________________________

Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

________________________________

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

**AN CISTE CÚITIMH SEIRBHÍSÍ MAOINE**

**<u>RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS</u>**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaímid go bhfuil de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas cuí ar bun san Údarás maidir le rialú inmheánach airgeadais.

Táthar den tuairim go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an Údarás réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an Údaráis, le haird ar mhéid an Údaráis, ar leibhéal an chaiteachais, ar na hacmhainní foirne agus ar chineál na hoibre. Ina dhiaidh sin féin, ní thugtar dearbhú iomlán, agus ní féidir dearbhú iomlán a thabhairt, leis na córais nach dtarlódh earráidí ábhartha.

Tá an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais glactha chuige féin ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú gach mí ar an gcuntas caiteachais mar aon leis an ioncam a fuarthas.

Is é an tÚdarás a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile go tráthrialta chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus ar na pleananna. Gníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin de réir an údaráis sin amháin a tharmligeann an tÚdarás leo d'fhonn polasaithe agus cinntí an Údaráis a thabhairt i gcrích.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir sin, déantar dualgais foirne a dhealú go cuí ach an baol a bhainfeadh leis sin agus an líon teoranta lucht foirne a thabhairt san áireamh. Tá na nósanna imeachta sainiúla seo a leanas i bhfeidhm ionas go gcuirtear rialú airgeadais éifeachtach ar fáil.

6. Tá nós imeachta foirmeálta i bhfeidhm maidir le hearraí agus seirbhísí a cheannach, sonraisc i dtaca le hearraí agus seirbhísí a aontú agus údarás a thabhairt le híocaíocht maidir le hearraí agus seirbhísí. Neartaíodh leis an nós imeachta ina leith sin i rith na bliana trí mholtaí a d'eascair as an iniúchadh inmheánach a chur i bhfeidhm.
7. Déanann an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar na cuntais bainistíochta gach mí.
8. Tagann nós imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais faoi réir athbhreithniú de chuid rannóg iniúchta inmheánach na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.
9. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne Dlí agus Cirt athbhreithniú ar an obair maidir leis an iniúchadh inmheánach.
10. Cloíonn an tÚdarás leis na treoirlínte ar fad a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí soláthair agus táthar ag cloí leis na ciorcláin ar fad maidir leis an úsáid éigeantach as creat-chomhaontuithe agus creatchonarthaí.

Deimhnímid go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais don rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.

________________________________
Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

________________________________
Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

## AN CISTE CÚITIMH SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOIN IONCAM AGUS FAOIN gCAITEACHAS AGUS FAOI CHÚLCHISTÍ IONCAIM IARCHURTHA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim | 2,209,499 | 1,638,947 |
| | **2,209,499** | **1,638,947** |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Suimeanna le híoc agus Fabhrú | - | - |
| | - | - |
| **Sócmhainní Reatha** Glan | **2,209,499** | **1,638,947** |
| **Iomlán na Sócmhainní Glan** | **2,209,499** | **1,638,947** |
| **Arna áireamh** | | |
| Cúlchistí ioncaim iarchurtha | 2,209,499 | 1,638,947 |
| | **2,209,499** | **1,638,947** |

**Tugtar san áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus faoi Chaiteachas agus faoi Chúlchistí Ioncaim Iarchurtha na gnóthachain agus na caillteanais ar fad a áiríodh i rith na bliana. Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go dtí 4.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

______________________________

Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

______________________________

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

## CUNTAS AN CHISTE CÚITIMH SEIRBHÍSÍ MAOINE

## RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS
## Ar an 31 NOLLAIG 2015

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim | 2,209,499 | 1,638,947 |
| | **2,209,499** | **1,638,947** |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Suimeanna le híoc agus Fabhrú | - | - |
| | - | - |
| **Sócmhainní Reatha** Glan | **2,209,499** | **1,638,947** |
| **Iomlán na Sócmhainní Glan** | **2,209,499** | **1,638,947** |
| **Arna áireamh** | | |
| Cúlchistí ioncaim iarchurtha | 2,209,499 | 1,638,947 |
| | **2,209,499** | **1,638,947** |

**Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go dtí 4.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

## AN CISTE CÚITIMH SEIRBHÍSÍ MAOINE
## RÁITEAS FAOIN SREABHADH AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

| **Sreabhadh Airgid Glan ó na bearta oibriúcháin** | **2015** | **2014** |
| --- | --- | --- |
| | **€** | **€** |
| Barrachas an ioncaim i gcomórtas leis an gcaiteachas | 570,552 | 563,090 |
| **Sreabhadh airgid isteach ó na bearta oibriúcháin** | **570,552** | **563,090** |
| **Ardú maidir le hAirgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim** | **570,552** | **563,090** |
| Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim an 1 Eanáir | 1,638,947 | 1,075,857 |
| Airgead Tirim & Coibhéis Airgid Thirim an 31 Nollaig | **2,209,499** | **1,638,947** |

**Is cuid de na ráitis airgeadais seo nótaí 1 go dtí 4.**

Thar ceann Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

____________________________

Maeve Hogan Uasal, Príomhfheidhmeannach: Dáta:

____________________________

Regina Terry Uasal, Cathaoirleach Gníomhach: Dáta:

## AN CISTE CÚITIMH SEIRBHÍSÍ MAOINE

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

### 1. Polasaithe Cuntasaíochta

**a)** Leagtar amach anseo síos bunús na cuntasaíochta agus na polasaithe suntasacha cuntasaíochta atá glactha chuige féin ag an gCiste Cúitimh Seirbhísí Maoine. Rinneadh iad uilig a chur i bhfeidhm go leanúnach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

**b) Eolas Ginearálta**

Cuireadh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ar bun faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá ceannoifig an Údaráis in Áras na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, an Uaimh, Co. na Mí.

Seo a leanas na príomhfheidhmeanna a leagtar ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine de réir mar a leagtar amach in Alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011:

- Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan
- An Clár a chur ar bun agus a choimeád
- Coinníollacha maidir le cáilíochtaí agus coinníollacha eile a leagan amach agus a chur i bhfeidhm
- Caighdeáin, lena n-áirítear caighdeáin theicniúla agus caighdeáin chuí eitice, a a leagan amach agus a chur i bhfeidhm
- An Ciste a chur ar bun, a chothabháil agus a riar
- Córas imscrúdúcháin a chur ar bun agus a riar i ndáil le ceadúnaithe
- Smachtbhannaí éadroma nó smachtbhannaí troma a ghearradh ar cheadúnaithe
- Iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt maidir le deimhniú ar smachtbhannaí troma a ghearrtar ar cheadúnaithe
- Tuiscint an phobail a chothú agus eolas a scaipeadh ar an bpobal maidir le seirbhísí maoine
- Cóid Chleachtais a chur chun tosaigh, a fhorbairt agus a aontú
- An tAire a choinneáil ar an eolas faoi chora nua maidir le seirbhísí maoine a chur ar fáil ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire comhordú a dhéanamh agus beartas a cheapadh ina leith sin
- Sonraí faoi phraghsanna díolacháin áitribh chónaithe a choinneáil agus a fhoilsiú
- An Bunachar Sonraí maidir le Léasanna Tráchtála a chur ar bun agus a choimeád
- Aon fheidhm eile a dhéanamh a leagtar air faoi fhoráil ar bith eile de chuid an Achta nó de chuid achtacháin eile nó rialachán faoin Acht nó faoi achtachán eile

Is Eintiteas Leas an Phobail (PBE) an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine. Ceanglaítear ar an Údarás faoi alt 77(1) den Acht ciste a bhunú, a riar agus a choimeád ar a dtugtar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine. Leagtar amach forálacha i Sceideal 6 leis an Acht faoina n-íocfar isteach sa Chiste agus amach as an gCiste.

### c) Ráiteas faoin gComhlíontas agus faoi bhunús na cuntasaíochta

Rinneadh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollag 2015 a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán maidir le tuairiscíocht airgeadais a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscíocht Airgeadais (FRC) agus arna aontú ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is iad seo an chéad chuid de ráitis airgeadais an Chiste Cúitimh Seirbhísí Maoine a ullmhaíodh de réir FRS 102. Is é dáta an aistrithe go dtí FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Ní raibh aon tionchar ag an aistriú go dtí FRS 102 ar an staid airgeadais a chuirtear in iúl ná ar an bhfeidhmíocht airgeadais.

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú de réir mhodh fabhruithe na cuntasaíochta, ach amháin de réir mar a luaitear thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh go coitianta leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le toiliú an Aire sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### d) Áireamh an Ioncaim

Déantar ranníocaíochtaí leis an gCiste a lua ar bhonn fáltais airgid thirim.

### e) Barrachas an Chiste

Tá ceangailte, faoi réir Alt 77(3) an Acht, iarmhéid nach lú ná €2 mhilliún a bheith sa Chiste ón dáta a mbíonn an Ciste ceithre bliana ar bun.

### f) Dámhachtain

Déantar dámhachtain lua mar chaiteachas sa chás go mbíonn an tÚdarás den tuairim gur thabhaigh cliant le ceadúnaí caillteanas de bharr mhí-ionracas an cheadúnaí nó dhuine ar bith ag feidhmiú thar ceann an cheadúnaí i ndáil le seirbhísí maoine a chur ar fáil.

## 2. Ioncam an Chiste Cúitimh

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ranníocaíochtaí leis an gCiste | 564,200 | 554,210 |
| Fáltas ó Ús ar Thaiscí | 6,352 | 8,880 |
| | **570,552** | **563,090** |

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a leagtar ar an Údarás faoi alt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 agus le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. Leagtar amach sna Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) (Ceadúnú) 2011, 2012, an ranníocaíocht atá le déanamh leis an gCiste ag duine a dhéanann iarratas ar cheadúnas a eisiúint nó a athnuachan: fostóir seirbhísí maoine - €200, conraitheoir neamhspleách - €200, agus príomhoifigeach nó fostaí - €50.

**3. Dliteanais**

Ní dhearnadh dámhachtain ar bith as an gCiste i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015 agus ní raibh aon dliteanas ag seasamh amach maidir le dámhachtain a dhéanamh ag deireadh na bliana.

**4. Aontú na Ráiteas Airgeadais**

D'aontaigh an Ciste Cúitimh Seirbhísí Maoine na ráitis airgeadais an 12/10/2016.